


PLÉARÁCA '14


Foilsithe ag Pléaráca Teo. ar ócáid na Féile - Eagrán 24

€5



An tAtlantean - Agallamh le Bob Quinn • Ros an Mhíl
Máire Bean Uí Chonaola • Tarrtháil Farraige i 1930
Scléip na Féile • Clár na Féile
Ní fheicfidh tú é seo sna meáin • Súil Siar
Grianghraif • Filíocht & go leor eile

Buaiteoirí Gradam an Phléaráca



Grianghraif le Bob Quinn, John Carlos, Hedi Gotthalseder, Máire Treasa Ní Cheallaigh, Seán Ó Mainmín & Anna Ní Fhlatharta.

- 1994 Pádraic Tom Photch Ó Ceannabháin
- 1995 Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnacha
- 1996 Máire Bn. Uí Chonaola
- 1997 Máirín & Joe Steve Ó Neachtain
- 1998 Micheál Mháire Ghabha Ó Ceannabháin
- 1999 Tom a' tSeoighe
- 2000 Breandán Ó Tuairisg
- 2001 Máire Welby
- 2002 Johnny Phádraig Pheter Connolly
- 2003 Tomás Mac Eoin
- 2004 Séamas Ó Cualáin
- 2005 Coiste Choláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh
- 2006 Eddie Bheartla Ó Conghaile
- 2007 Treasa Ní Mhiolláin
- 2008 Sonáí Choilm Learaí Ó Conghaile
- 2009 Ord Malta Inis Meáin
- 2010 Risteard Mac Aodha
- 2011 John Bhaba Jeaic Ó Conphaola
- 2012 Coiste Ionad Pobail Leitir Móir
- 2013 Brídín Ní Choincheanainn



Buíochas

Eagarthóir:
Anna Ní Fhlatharta

Fógraíocht:
Peigí Ní Chonghaile

Buíochas do na daoine seo a scríobh píosaí don iris, a rinne agallamh, a thug grianghraif agus a chabhraigh le réiteach na h-irise:

Peigí Ní Chonghaile
Edel de Paor & Aonghas Ó Flatharta
Máire Ní Chualáin
Meta Uí Mháille
Jackie Mac Donncha
Sorca Ní Chéilleachair -
Tuismitheoirí na Gaeltachta
Paddy Mheime Ó Súilleabháin
Barry Ó Fátharta
Iris Ros an Mhíl Cois Cuain
Máirín Leainde
PJ Ó Ceallaigh
Máirín & Colm Mac Donnacha
Máirtín Ó Catháin

Buíochas do Pheigí Ní Chonghaile a rinne obair cheartúcháin.

Sí Mairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris.

Caomhán Ó Scolaí a rinne an postaer agus clár na féile a dhearadh.

Tá muid fíor-bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Phléaráca & Fo-choiste Féile:
Rosaleen Ní Shúilleabháin
Máire Ní Chualáin

Máirín Mhic Lochlainn
Peigí Ní Chonghaile
Anna Ní Fhlatharta
Meta Uí Mháille
Jackie Mac Donncha
Mairéad Ní Chualáin
Mattie Ó Niaidh
Réamonn Ó Mainín

Buíochas do:
Norita Ní Chartúr
Barry Ó Fátharta & Ionad Pobail Cois Cuain
Ruairí O'Néill
Bob Quinn
Patricia Ní Fhatharta
Tomás Mac Con Iomaire
Seáinín Chóil Nana Pháidín
Aisling Ní Neachtain & Cór Chois Fharraige
Micheál Ó Domhnaill
Sonáí Choilm Learaí Ó Conghaile
Tigh Pheadair Mhóir
Tigh Terry
S.N. Cholmcille
Nuala Ní Chonghaile
Sagart Paróiste Ros a'Mhíl
Séipéal Chill Treasa
Ionad an Bhád Tarrthála

Buíochas do na ceoltóirí, amhránaithe, damhsóirí, ealaíontóirí, lucht ceardaíochta, áisitheoirí, agus na fir & mná tí ar na h-imeachtaí.

Buíochas d'Urraithe na Féile:
Ealaín na Gaeltachta & Comhairle Contae na Gaillimhe

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht a gcúnamh le poiblíocht.



Clár na hIrise

- 3 Eagarfhocal
- 4 An tAtlantean - Agallamh le Bob Quinn
Peigí Ní Chonghaile
- 6 Tarrtháil Farraige i 1930
Máire Ní Chualáin
- 8 Ní fheicfidh tú é seo sna meáin!
- 9 Scléip na Féile Inis Oírr 2013
- 13 Máire Bean Uí Chonaola
Meta Uí Mháille
- 17 Filíocht Paddy Mheime Ó Súilleabháin
- 18 Ros an Mhíl
Edel de Paor & Aonghus Ó Flatharta
- 21 Clár na Féile
- 22 Imeachtaí na Féile
- 25 Is muide an chéad ghlúin eile!
Tuismitheoirí na Gaeltachta
- 26 Súil Siar
Tigh Pheadair Mhóir ar an mBanrainn
Agallamh ó 1995 le Bob Quinn
Lúb an Mhartello
Grianghraif & eile
- 37 Clár Litríochta & Drámaíochta 2013/14
Grianghraif, dánta & scéalta
- 42 Ceangal: Nis & Conamara

Taifeadadh:
Ní mhor cead a fháil roimhré le aon taifeadadh proifisiúnta fise nó fuaimne de imeachtaí ar bith do chuid Phléaráca Chonamara.

Grianghraif clúdach: Anna Ní Fhlatharta

 **Údarás na Gaeltachta**

 **ealaín**
NA GAELTACHTA



T. Ó Máille Teo.

Ros Muc 091-574101

Grósaer

Crua-earraí

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar
obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



CALOR Gas

post



Eagarfhocal

Seo é an 24ú eagrán d'iris Pléaráca, agus mar sin San 24ú bliain ag Féile Phléaráca Chonamara. Nuair a cuireadh tús leis an bhFéile in 1991, tharla sé de bharr turascáil a réitigh Breandán Ó hEithir do Bhord na Gaeilge a dúirt go mbeadh an Ghaeilge ag saothrú an bháis agus go mbeadh deireadh léi mar theanga taobh istigh de dheich mbliana. Níor aontaigh chuile dhuine leis an chaint éadóchasach sin agus tháinig grúpa le chéile chun a mhalairt a thaispeáint. Reáchtáladh an chéad Féile Phléaráca Chonamara mar cheiliúradh, ag cruthú go raibh teanga agus cultúr Ghaeltacht Chonamara beo beathaíoch. Tá a fhios againn anois cé bhí ceart faoi thodhchaí na Gaeilge agus é le cois scór bliana ó tuaradh bás na teanga. Ní chiallaíonn sin áfach, go bhfuil an Ghaeilge gan dushláin. Tuigtear go bhfuil todhchaí na Gaeilge mar theanga bheo idir dhá cheann na meá. Tuigtear go bhfuil gá fós do mhuintir na Gaeltachta a bheith gníomhach ó thaobh cothú agus cur chun cinn na Gaeilge. I mbliana chonaiceamar spiorad gníomhaíochas pobal na Gaeilge á mhúscaill arís le Lá Mór na Gaeilge agus an feachtas Dearg le Fearg a tharraing pobal na Gaeilge as chuile cheard den tír amach ar na sráideanna ag éileamh cothram na féinne don teanga.

Tá sé spéisiúil ag léamh siar ar seaneagrán den iris go bhfuil todhchaí na Gaeilge á plé i gcuid mhaith agus na bagairtí céanna ann ón gcéad bhliain sin. Feictear na téamaí céanna ag teacht chun cinn go minic. Todhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta. Imirice. An tábhacht atá leis an aos óg. Meanma an phobail. San eagrán seo caitear súil siar ar altanna a scríobhadh d'irisí sna 1990í faoi Túr Martello, nó an Battery mar a thugtar ar go háitiúil i Ros an Mhíl; Tigh Pheadair Mhóir a bhéas mar ionad do sheoladh féile na bliana seo agus agallamh a déanadh le Bob Quinn in 1995.

Ach ní breathnú siar uilig atá ann. Tá agallamh nua le Bob Quinn chomh maith, fear a bhfuil stair fada aige le Pléaráca. Is iomaí grianghraf a ghlac sé sna blianta siar ag ócáidí na féile agus i

mbliana beidh taispeántas nua dhá chuid le feiceáil. Is cnuasach grianghraif de mhuintir Ros an Mhíl a bhéas sa dtaispeántas 'Muintir an Bhaile'. Tá cruthaitheacht na n-óg le feiceáil sna píosaí filíochta agus gearrscéalta ó dhaltaí a bhí páirteach i gCiorcal Scríbhneoireachta Phléaráca i rith na bliana. Má tá aon chruthúnas ag teastáil go bhfuil an Ghaeilge beo, is fiú na scéalta agus dánta a bhíonn scríofa ag daltaí an Chiorcail a léamh. Cuireann alt ó Thuismitheoirí na Gaeltachta in iúl chomh maith an tábhacht atá le haos óg na Gaeltachta.

In 2013 scor Gearóid Ó Murchú óna ról le Coiste Phléaráca tar éis os cionn scór bliain a chaitheamh mar bhall ghníomhach. Ní hamháin ar an bpríomh choiste ach ar na fo-choistí chomh maith. Mar chuid de na dualgais a ghlac Gearóid air féin agus é ar an gcoiste bhí: bheith ina fhear an tí, ceoltóir, teicneoir fuaime agus "fear na hoodies", agus is minic a dúradh "má tá aon cheist - glaoigh ar Ghearóid". Gan dabht, is caillteanas an saineolas a thug Gearóid chuig an gcoiste, ach níl sé ró-fhada uainn fós má bhíonn ceist (cibé cén fhad a choinníonn sé ag freagairt ár nglaoch!).

Cuimhníonn muid, ar Mháire Bn. Uí Chonaola, nó Mary Kelly mar a thugtaí uirthi, a chaith blianta fada ar choiste Phléaráca agus a bhásaigh anuraidh. Pearsa láidir a bhí gníomhach ar son an phobail ar feadh a saoil a bhí i Mary. Tá a gcuid cuimhní cinn agus scéalta féin faoi Mhary ag gach duine a raibh baint acu le Pléaráca tríd na blianta agus is fíor le rá nach mbeidh a leithéid arís ann.

Tá Pléaráca Chonamara ceithre bliana fichead ar an saol. Tá athruithe tagtha ar agus tuilleadh le theacht chun déaláil leis na dushláin amach romhainn, ach ar nós an Ghaeilge, ní chiallaíonn athrú deireadh. Go mbainfidh muid ar a laghad ceithre bliana fichead eile amach.

An tAtlantean


Bob Quinn

Tá taispeántas nua grianghraf le Bob Quinn "Muintir an Bhaile" á sheoladh mar chuid d'Fhéile Pléaráca Chonamara 2014. Chuaigh Peigí Ní Chonghaile chun cainte leis.

Is liosta le háireamh an obair atá déanta agus atá á déanamh ag Bob Quinn. Is scannánaí, scríbhneoir agus grianghrafadóir é agus bíonn sé ag plé le ceol agus péintéireacht freisin.

Tá sé ina bhall d' Aos Dána le fiche bliain agus is é an chéad scannánaí a fuair an gradam seo. Is iad na scannáin is cáiliúla leis ná Caoineadh Airt Uí Laoghaire (1975), Poitín (1978), Budawanny (1987) agus The Bishop's Story (1994). Bhain sé cáil amach leis an sraith teilifíse Atlantean (1984) bunaithe ar na ceangail agus cosúlachtaí a chonaic sé idir shaol phobal na Gaeltachta i gConamara agus shaol mhuintir na meánmhara agus an mheánoirthir. Scríobh sé dhá leabhar bunaithe ar an téama céanna, Atlantean agus The Atlantean Irish (2005). Scríobh sé leabhar eile Maverick i 2001 faoi RTE agus an tréimhse a chaith sé ar Údarás na heagraíochta sin. Tá aithne mhór ar Bhob de bharr a chuid grianghraf agus i 1996 chomhoibrigh sé féin agus Liam Mac an Iomaire ar an leabhar grianghraf Conamara, An Tír Aineoil. Leabhar álainn snasta í seo le grianghraif daoine a raibh is a bhfuil aithne mhór orthu ar fud Chonamara de bharr a bpearsantachtaí, scileanna oibre agus slí mhaireachtála. Éiríonn le Bob na tréithe speisialta sin a bhaineann le muintir Chonamara, go háirithe an mhuintir siúd a mhair saol traidisiúnta an cheantair sna blianta siar, a léiriú sa grianghraif.

Níl fhios agam an bhfuil comhaireamh déanta ag Bob ar an ábhar ar fad atá curtha amach aige ach deir sé go bhfuil 73 scannán leis, obair óna seascaidí ar aghaidh i gCártilann RTÉ, agus go bhfuil 25,000 dá chuid claonchlónna (negatives) i Leabharlann Hardiman in Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus níl ansin ach cuid den obair. Níl dabht ar bith faoi ach ó chuir sé faoi i gConamara gur shúigh sé isteach an méid de shaol an phobail Ghaeltachta seo a bhí sé in ann agus go bhfuil taifead iontach déanta aige ar an saol sin do na glúnta a thiochfaidh inár ndiaidh. Chomh maith le bheith ag doiciméadú saol mhuintir Chonamara ag baile, ní dhearna sé dearmad ar an



Bob Quinn

dream arbh éigean dóibh aghaidh a thabhairt thar sáile chun a mbeatha a shaothrú. I measc na gclár a rinne sé faoi mhuintir Chonamara ar imirce, tá Graceville (1997) a rinne sé in éineacht le Seosamh Ó Cuaig. Is faoi na "Connemaras" é seo nó an dream a chuaigh as Conamara go Minnesota faoi scéim imirce urraithe sa 19ú haois agus an cruatan a d'fhulaing siad thall. I 2004, rinne sé clár eile le Ó Cuaig "Damhsa an Deoraí" faoi halla damhsa an Galtymore i Londain. Léiriú a bhí anseo ar shaol na n-imirceach i Londain óna caogadaí ar aghaidh, agus mar a bhí an Galtymore ina lárionad sóisialta chun casadh le cairde agus tuairisc jabanna a fháil ach é freisin ina "thearmann" ón uaigneas agus ón gcumha.

Chuaigh mé chun cainte le Bob mar go bhfuil taispeántas nua grianghraf leis "Muintir an Bhaile" le seoladh i Ros A Mhíl mar chuid d'Fhéile an Phléaráca. Tá sé ar ais go sealadach agus é ag obair ar dhírbheatháisnéis sa teach ar chónaigh sé ann ó 1973-95 nuair a bhog sé féin agus a chlann siar go dtí an Tuairín. Is teach stairiúil é an teach seo suite ar bhruach Loch a'Mhuilinn ar imeall bhaile na Ceathrún Ruaidh. Is mar mhonarcha lása a tógadh é ag tús an chéid seo caite faoi Bhord na gCeantar Cúng. Mar a dúirt Bob, tógadh an monarcha chun obair a chur ar fáil do chailíní óga na háite le go mbeadh slí mhaireachtála dóibh ag baile, ach séard a

tharla i go leor cásanna ná gur shábháil siad an méid a bhí siad in ann óna bpá le haghaidh paisinéireacht a cheannach go Meiriceá nó go pé áit ar thug siad aghaidh air.

Cheannaigh Bob Quinn an monarcha ó Ghaeltarra Éireann i 1975 ar £5000. Ón am sin go dtí gur bhog sé féin agus a chlann amach as i 1995 bhí an teach lárnach d'imeachtaí cultúrtha agus sóisialta a tharla i gConamara. Bhíodh pictiúrlann ann sna seachtóidí ag taispeáint saothair Cinegaeil. Ba é Cinegaeil an complacht scannánaíochta a bhunaigh Bob, Seosamh Ó Cuaig agus Toni Cristofides i 1973 le go mbeadh léiriú á dhéanamh i scannáin agus i bhfíseáin ar an saol i gConamara seachas daoine i gcónaí a bheith ag faire ar íomhánna Hollywood nó ar leagan RTÉ den saol in Éirinn. Bhíodh saothar Cinegaeil á 'speáint i hallaí pobail ar fud Chonamara agus i nGaeltachtaí eile chomh maith. Labhair Bob faoin oíche a raibh World Premiere den scannán Caoineadh Airt Uí Laoghaire sa monarcha ar an gCeathrú Rua. Bhí an áit feistithe mar phictiúrlann agus tháinig maithe agus móruaisle shaol na scannán agus na meán as BÁC. Bhí an aimsir uafásach an oíche sin agus mar a dúirt Bob, baineadh as a gcleachtadh iad mar tháinig siad trí phuitech agus trí phortach ag an bpremiere. Tá cur síos ar an oíche seo agus go leor eile sa gclár Cinegaeil Paradiso a rinne Robert Quinn, mac Bhob i 2008 faoin bpictiúrlann ar bhruach Loch an Mhuilinn. Is sa teach nó monarcha seo freisin a réitíodh don chraoladh bradach a rinne TnaG as Ros Muc i bhFómhar 1987 agus a chuir tús leis an bhfeachtas as ar tháinig TG4. Ba é Bob Quinn an ceannródaí agus an saineolaí ó thaobh criú a chur le chéile maidir leis an dtaobh teicniúil den chraoladh, in éineacht le daoine eile ar nós Donncha Ó hÉallaithe, Seosamh Ó Cuaig, Pádraig de Bhaldráithe, Colm Mhainnín agus go leor eile. Is ann freisin a reachtáileadh an chéad chruinniú as ar tháinig Féile Phléaráca Chonamara i 1991. Tugadh cuireadh do go leor den dream a bhí gníomhach i bhfeachtas na teilifíse chuig cruinniú a heagraíodh de bharr an alt a scríobh Breandán Ó hÉithir ag an am ag rá go raibh an Ghaeltacht réidh lena cur. Socraíodh ag an gcruinniú sin go ndéanfaí ceiliúradh chun a léiriú chomh beo bríomhar is a bhí an Ghaeltacht fós agus is as sin a tháinig an fhéile Pléaráca Chonamara.

Mheabhraigh mé do'Bhob go ndearna sé agallamh cheana leis an iris Pléaráca i 1995* inár mhínigh sé cén fáth gur tháinig sé go Conamara. Dúirt sé san agallamh sin gur chuir sé faoi i gConamara mar gur thuig sé ag an am chomh tábhachtach is a bhí an Ghaeilge mar shórt "foscadh" ón commercial

consumer society. D'fhiafraigh me dó ar aimsigh sé an foscadh sin. Dúirt sé gur aimsigh sé foscadh agus tearmann. Ba blow-in a bhí ann a raibh scileanna scannánaíochta aige, thaitnigh an cineál saoil pobail leis a bhí i gConamara, mionlach a bhí i bpobal na Gaeltachta agus bhí suim aige i saol mionlaigh. Nuair a tháinig sé go Conamara sna seachtóidí, chuir an áit i gcuimhne dó mar a bhíodh saol pobail i mBÁC sna caogadaí, go háirithe an áit ar as é féin - Rath Garbh, is cuimhin leis go raibh saol maith pobail ansin. Ach tuigeann sé go bhfuil an saol a mheall é go Conamara athraithe go mór anois. Deir sé go bhfuil Conamara anois cosúil le haon cheantar fho-uirbeach eile i sochaí an tomhaltais. Tá an chathair ag slogadh isteach an phobail agus na bailte beaga ar an imeall á dtréigean. Tá an t-athrú seo i saol Chonamara faoi phlé aige sa dírbheatháisnéis a bhfuil sé ag obair uirthi faoi láthair. Tá an leabhar scríofa agus é ag cuartú foilsitheora lena haghaidh. D'fhiosraigh mé céard eile a bhí sa leabhar agus dúirt se gur mheas sé go raibh sé in am aige a chuid smaointe féin a chur síos maidir lena chuid scannánaíochta, mar go bhfuil an oiread sin tagairtí déanta ag daoine eile dá shaothar, cuid acu a n-aontaíonn sé leo agus cuid acu nach n-aontaíonn. Tá sé ag obair ar scannán nua faisnéise chomh maith. Sé an teideal atá báistithe aige air ná "Stair na hÉireann i gCéad Masla". Sin leagan den stair nach bhfuil cloiste againn cheana agus beidh sé spéisiúil mar leagan.

D'fhiafraigh mé dó cé acu de na meáin oibre is fearr leis, an ghrianghrafadóireacht, an scannánaíocht nó an scríbhneoireacht agus chuir sé iontas orm nuair a dúirt sé an scríbhneoireacht, go mbaineann sé i bhfad níos mó sásaimh as. Agus as an saothar uilig atá déanta aige go dtí seo cén píosa oibre is mó a sheasann amach dó féin? Atlantean an freagra a thug sé, measann sé gur é an píosa oibre is tábhachtaí é atá déanta aige. Deir sé gur thug an teachtaireacht atá in Atlantean cead do cheoltóirí traidisiúnta blas an oirthir ina gcuid ceoil a threisiú. Deireann sé freisin go bhfuil staraithe anois ag athbhreithniú an stádaí a tugadh do na Ceiltigh i stair na hÉireann, rud a thagann leis an méid a bhí le rá aige féin in Atlantean roimhe sin. Is léir idir a dhírbheatháisnéis a mbeidh muid uilig ag faire amach di, an scannán faisnéise "Stair na hÉireann i gCéad Masla" agus an taispeántas nua grianghraf "Muintir an Bhaile" nach bhfuil Bob Quinn ag tógáil rudaí go réidh. Go mba fada buan é!

Beidh taispeántas grianghraf Bhob Quinn "Muintir an Bhaile" á sheoladh ag 7.00 ar an Aoine 16 Bealtaine ag Cé Ros a' Mhíl.

**An agallamh seo le léamh ar leathanach 30.*

Tarrtháil Farraige i 1930

Máire Ní Chualáin



Pic. le Rosaleen Ní Shúilleabháin

Bhíodh trádáil mhór idir Conamara agus Árann, chomh maith le Cinn Mhara agus Co. an Chláir riamh sa saol. Bhíodh báid as Ros an Mhíl ag tarraingt sna háiteacha sin freisin ar ndóigh. Is iomaí cineál aimsire a chonaic na bádóirí agus is iomaí gábh a raibh siad ann.

Sa mbliain 1930 tharla timpiste do dhá bhád agus iad ar a mbealach go Cinn Mhara le lucht móna, ceann as Ros an Mhíl agus ceann eile as an gCeathrú Rua. An 'Mounte' an t-ainm a bhí ar bhád na Ceathrú Rua agus ba iad Páraic Ó Súilleabháin agus Seán Mac Donncha a bhí ar an stiúir uirthi. An 'Colmcille' a bhí ar bhád Ros an Mhíl, bád le Pat Seoige as an mBaile Láir. Ba é mac Phat, Cóil, agus Peadar Mac an Iomaire (Peadar Thomáisín) a bhí á stiúradh lá na timpiste.

Thart ar am lóin a thosaigh stoirm ag séideadh, agus bhí an 'John Summers' – gal dhriftéar nó steam drifter – a bhí ag seoladh ó Ghaillimh go Cill Rónáin agus iad ó dheas d'Árainn, agus a thug faoi deara go raibh a ndóthain le déanamh ag an dá bhád a gcúrsa a choinneáil.

Chonaic siad sin go raibh seol cheann de na soithigh stróicthe agus go raibh sí á tuairteáil ar bharr na farraige fiáine. Bhí an criú sa dara bád ag tabhairt le fios go raibh cúnamh uathu, ach socraíodh go ngabhfaí chuig an mbád a raibh an seol stróicthe uirthi ar dtús. Bhí cúpla míle idir an dá shoitheach ag an am.

Nuair a tháinig an John Summers chomh fada leis an mbád a raibh an seol briste uirthi, an Colmcille, tugadh an bheirt fhear, Cóil

agus Peadar, ar bord loinge. Ba ghearr gur briste ina míle píosa ar chósta Chontae an Chláir a bhí an bád.

Thug an John Summers a n-aghaidh ar an Mounte ansin, agus an bheirt a bhí uirthi ag streachailt go géar in éadan na stoirme. Tógadh na bádóirí, Páraic agus Seán, ar bord an John Summers freisin, agus Páraic ag cur fola agus é sách gortaithe ag píosa eicint a d'imigh as an mbád agus a bhuail é. Tharraing an John Summers an Mounte ar téad, ach scoilt an posta inti agus iad gar do Chill Rónáin mar gheall ar an drochbhail a bhí curtha ag an stoirm uirthi. Chuaigh an bád go tóin poill ansin.

Bhí dhá shoitheach báite tar éis na n-iarrachtaí a deineadh, ach is beag an méid é sin nuair a chuimhníonn duine gur tháinig na bádóirí slán. Bhíodh siad i mbaol agus i gcontúirt go minic, agus ar ndóigh ní raibh aon chaint ar sheaicéid tarrthála ná a leithéid san am sin.

Thóg sé laethanta ar na fir teacht abhaile, agus bhí imní agus buairt sa mbaile ar na daoine a bhí ag fanacht leo. Nuair nach raibh aon dé orthu, thosaigh a muintir i Ros an Mhíl ag fáil faoi réir le haifreann a rá dóibh mar gur cheap siad go raibh an bheirt scuabtha chun siúil. Ach is breá sásta a bhí 'chuile dhuine nuair a tháinig siad abhaile agus iad slán sábháilte. Ní ligeadh bean Phat Seoige, Baba cead aon bhád a fháil ina dhiaidh. Bhí a dóthain faighte den fharraige aici. Maidir le Pat, is iomaí uair a dúirt sé ina dhiaidh gurbh fhearr leis féin a bheith báite an lá sin ná an bád a bheith báite.

De réir cosúlachta, ní raibh sé i bhfad roimhe sin ó dheisigh muintir Thomás Réamoinín i nDoire Fheárta í, agus cuireadh cláraca nua inti. Ach ní raibh aon bhád seoil in ann don stoirm a bhí ann an lá siúd.

Deirtear go ndearna duine éicint amhrán faoin mbád in Árann, ach níl fhios céard a

tharla don amhrán sin. Mura bhfuil sé ar eolas ag Árannach éicint!

Ar ndóigh, nuair a thugadh na bádóirí móin soir go Co. an Chláir nó go Cinn Mhara thugaidís earraí eile anoir. Thug an Colmcille an t-adhmad do chloigeann na bunscoile i Ros an Mhíl anoir nuair a bhí píosa á chur amach as an mbunscoil. Bhí an bhunscoil san áit a bhfuil an tIonad Pobail anois, áit a mbeidh imeachtaí ar siúl ag an bPléaráca i rith na féile.

Tugadh mada anoir as Co. an Chláir uair freisin, agus is maith an chuimhne a bhí ag Baba, iníon Phat Seoige ar an mada sin mar go raibh sé acu ar feadh na mblianta fada.

Deirtear go bhfaca criú an Cholmcille sionnach 'caillte' ar an gcéibh i Ros an Mhíl uair agus iad ag dul go hÁrainn, agus go ndúirt siad go dtabharfadh siad leo é mar go mbíodh muintir Árann seasta ag rá leo nach bhfaca siad sionnach riamh. Tugadh an sionnach go hÁrainn, ach bhí aiséirí ón mbás déanta aige faoin am ar tháinig siad chomh fada leis an gcéibh istigh. Rith sé leis, agus níl fhios cén marú a rinne sé go dtí gur maraíodh é féin, an sionnach bocht!

Sin cuid de scéalta bhádóirí Ros an Mhíl agus an ceantar máguaird - Suaimhneas síoraí dóibh go léir.

Seo thíos píosa d'alt a bhí sa Connacht Tribune cúpla bliain ó shin agus iad ag cur síos ar an 'Sea Rescue' mar a thug siad air:

After a thrilling battle with a gale the steam drifter 'John Summers' which was sailing to Kilonan, Aran Islands, from Galway, rescued the crews of two Connemara turf boats which were sailing with turf to Kinvara. About two o'clock when the John Summers was off the South Sound of the Aran Islands, two fishing boats were seen. Both were obviously in distress as a storm had broken suddenly about half an hour before....'

Ní fheicfidh tú é seo sna meáin!

Straitéis Aois Gadhair

Tá An Fear Gan Ainm, nó The Man With No Name mar is fearr aithne anois air, tar éis teacht ar eolas a phléascfas an bogán sin ina bhfuil muid ar gor ann le os cionn ceithre chéad bliain. A bhuíochas don Acht Um Shaoráil Fáisnéise, don Riail 400 bliain, agus don té a thug a leithéid d'Acht ar an saol an chéad lá riamh, tá a fhios againn anois gur taréis Chath Chionn tSáile a thosaigh na hÉireannaigh ag labhairt béarla leis na gadhair. 'Tacht an Teanga Oifigiúil' a tugadh ar an Acht a bunaíodh taréis Chath Chionn tSáile.

Tá fhios ag an bhfear thuasluaite gur 'get up and lie down' (in aon abairt amháin) na chéad fhocail bhéarla a chuala cluas gadhair.

Tá fhios agat anois cén fáth go mbíonn an gadhar de shíoraí ag iarraidh breith ar a dhrioball.

Bhí Straitéis Céad Ceathracha Bliain don Gadharr leagtha amach ar pháipéar, (féach leathanach 9,866 den Straitéis) ach, mar a tharla ó thús an tsaoil anall, níor cuireadh i bhfeidhm an Straitéis in am. Cailleadh Cath Chionn tSáile agus cailleadh chuile shórt eile leis.

Fágadh an gadhar bocht ag líochán a choda.

Droch bhéarla a múineadh do na gadhair sna chéad bhlianta. Ach, le teacht an ré dhigitigh, agus daoine a tháinig abhaile as Meiriceá a raibh a gcuid gaeilge caillte acu thall, tá béarla ghadhar an lae inniu chomh galánta agus chomh paiteanta le aon fhocal a thioctas amach as béal Ghoogla.

Eolas breise@westdog.ie



Beannacht Beola Dubaí



Tá ár gcnámh droma, ár gcumhdaitheoirí, ár leithscéalta, ár bhfaithní, ár ngoiríní, ar bhfaiteallaithe, ie. Na Beanna Beola, díolta. An t-aon bhealach a bhí fágtha ag an Eoraip chun a cuid fiacha a ghlanadh go hiomlán agus d'aon iarradh chréafógchlochach amháin. The Twelve Bens a thugadh daoine orthu, The Twelve Pins a thugadh daoine eile. Ach féar plé don Shiekh as Dubaí atá á gceannacht, fuair seisean amach nach dhá cheann déag de Bheanna a bhí againn, ach trí cinn déag!



Agus níl seisean ag íoc ach de réir an tsonraisc.

Ag calafort Ros a' Mhíl a lochtófar na Beanna ar na báid. Tá fear Dubaí ag rá gur os cionn a chéile a bheas na Beanna thall, agus ní taobh le taobh mar bhíodh, agus á bharr seo, molann sé d'fheilmearaí na caoirigh a bheith tógtha de na Beanna sula ngabhfaidh na Beanna sna báid.

Faraor, ní fhanann tada mar bhíonn sé, ar seisean, ach seasfaidh na Beanna Beola go bródúil le taobh Balla Mór na Síne, na Pírimídi, Túr Eiffel, anTaj Mahal, agus Lady Liberty.

Tá saineolaithe na tíre seo ag rá go mbeidh Conamara ar an bháithim agus ar leathstuaic, ach ar an taobh eile, ní bheidh aon fhuarlach againn.

Ach, céard a dhéanfas muid feasta gan foscadh?



9.



16.



17.



11.



12.




18.



13.



14.




19.



20.



15.



21.



Sc léip na Féile Inis Oírr 2013

1. Ceoltóirí óga ag An Tiúin sa Dún.
2. Máire-Áine Uí Ailín agus Anna Ní Fhlatharta.
3. Caitríona Ní Allmháin.
4. Mattie Ó Niaidh.
5. Áras Éanna.
6. Seosamh Mac Donnacha ag seoladh na féile.
7. Austin Durack.
8. Mórshiúil do sheoladh na féile.
9. Amhránaí óg as Inis Oírr.
10. Daltaí as SN Inis Oírr le Máirín Mhic Lochlainn agus Briocán Bairéad.
11. Máire Uí Mhaoláin.
12. Danny agus Beartla Broc.
13. Máire-Aine Uí Ailín agus Patricia Ní Fhátharta.
14. Ceoltóir óg.
15. Gearóid Ó Murchú, Mairéad Dinny Ní Ghallchóir agus Caitríona Ní Chonaola.
16. Áine Stiofán Seoige - Príomhoide na bunscoile & Sinéad Crowe.
17. Seosamh Mac Donnacha agus Anne Gillen.
18. Dara & Tom Ó Maoláin.
19. Treasa Uí Chonaire.
20. Rosaleen Ní Shuilleabháin agus Máirín Mhic Lochlainn.
21. Mairéad Póil - Iar-mhúinteoir in Inis Oírr & saineolaí béaloideas.
22. Daoine ag damhsa ag seisiún 'I ndeireadh báire...'
23. Beartla Broc agus cáirde.
24. Muireann Ní Dhroighneáin agus Nuala Ní Fhlathúin.
25. Dara Ó Conaola.
26. Ag baint sult as an ghrian agus an ceol ag 'I ndeireadh báire...'
27. Máire Ní Chualáin agus Jackie Mac Donncha
28. Mattie Ó Niaidh
29. Gráinne Uí Chongaile lena clann Aoibhín & Seán.

(Grianghraf le Anna Ní Fhlatharta)

22.



24.



25.



26.



28.



29.



23.



27.



Máire Bean Uí Chonaola

Meta Uí Mháille

Máire Bean Uí Chonaola, thugtaí Mary Ivy Muirthi. Ach i Ros Muc Mary Kelly a thug mórán chuile dhuine uirthi, a h-ainm roimh pósadh. Bhí aithne aici ar an saol mór agus ag an saol mór uirthi. Ba chuma cén áit a mbeadh sí chas daoine uirthi a d'fhan ar lóistín aici nó scoláirí a bhíodh ag freastal ar na coláistí Gaeilge, daoine a casadh uirthi agus ar chuir sí aithne orthu ag imeachtaí, feachtais, cruinnithe agus ócáidí a mbíodh baint aici leo. Ba chuma cén t-achar blianta ó chonaic sí iad d'athnódh sí iad agus bhí a n-ainm aici ar an bpointe. Bhí cuimhne iontach aici. Bean í a raibh tuairimí láidir aici agus nach raibh faitíos uirthi tabhairt faoi rud ar bith. Ní raibh an saol éasca aici i gconaí, ach níor lig sí don saol ná do rud ar bith an ceann is fearr a fháil uirthi. Cé go raibh aois mhaith aici ní cheapfá sin. B'fhéidir go raibh na blianta aici ach níor chuir siad aois uirthi, bhí sí luath aclaí agus bhí croí óg aici. D'athraigh sí leis an saol. Bhain sí úsáid agus sásamh as na deiseanna a tháinig leis an athrú mór a tháinig ar an saol. Bean fhaiseanta a bhíodh gléasta go breá i gcónaí ab ea í. Ba bhreá léi taisteal agus rinne sí cuid mhaith de sin i rith a saoil. Cé gur bean í a bhí an-dáiríre ina dearcadh, bhí sí spraoiúil géimíúil freisin. Ba bhreá léi ceol is amhráin agus imeachtaí sóisialta. Cé gur fhág sí Camus agus í ina bean óg bhí a croí i gconaí ann agus ní raibh amhrán ar bith ab fhearr léi ná amhrán Chamuis.

Go ndéanfaidh Dia grásta uirthi. Bhí muid ag ceapadh agus is minic a dúradh é go mairfeadh sí go deo.

Is ó thaobh Phléaráca a chuir mise aithne cheart ar Mhary. Bhí sí ar Bhord Stiúrtha Phléaráca ón tús césmoite den bhliain 1996. Bord é a raibh dualgais mhóra ar na stiúrthóirí ó thaobh an chomhlachta a rith de réir mar a bhí leagtha síos ag Áisíneacht Chomhraic na Bochtaine ar dtús agus ina dhiaidh sin faoi an (CDP) An Clár Forbartha Pobail. Obair dheonach a bhí ann a raibh go leor oibre agus ama i gceist leis ach nach raibh aon drogall ar Mhary roimhe. Chuireadh an fuinneamh a bhí aici iontas orainn. Is beag cruinniú boird agus bhíodh ceann gach mí, ná cruinniú féile a chaill Mary i rith na mblianta. Bhaineadh sí an-sásamh as eagrú na féile. D'fhéadfaí brath uirthi i gconaí nuair a bhí



Pic. le Seán O Mainnín

Máire Bean Uí Chonaola

daoine ag teastáil le dhul ar dhoirse ag imeachtaí agus ar ndóigh má bhí bia le réiteach i gcomhar ócáidí ní raibh bean níos fearr, ní raibh gá lena iarraidh uirthi, bheadh sé tógtha aici uirthi fhéin. Bhíodh imeachtaí áirithe a raibh an-suim go deo aici iontu go mór mór an oíche áirneáin a bhíodh i Scoil na h-Airde sna blianta siar, ní chailleadh sí é sin. An damhsa ar an sean-nós mar a chéile, ba mhaith léi an doras a dhéanamh ag an ócáid sin agus cé nach mbíodh sí ag moltóireacht go h-oifigiúil, bhíodh sí ag déanamh a cuid moltóireachta féin agus bhíodh a tuairimí féin aici faoin damhsa. Muna raibh na steipeanna mar a déantaí iad sna tithe ceoil i gCamus le linn a h-óige ní bheadh aon phointí ag dul do na daimhseoirí, rud a d'fhágadh scaití nach mbeadh sí ar aon intinn leis na moltóirí. Bhíodh sí i gconaí ag Comórtas na n-Óg agus i gceannas ar an lá siamsaíochta a bhíodh eagraithe mar chuid den fhéile, don Aosach a bhíodh ag freastal ar na h-Ionaid lae i gConamara. Sna blianta deireanacha a mbíodh Mary ag eagrú na h-ócáide seo bhí sí féin níos sine ná an chuid is mó den dream a bhí ag freastal ar an imeacht ach ní cheapfá sin. Ach

sean nó óg bhí Mary sásta agus compordach i gcuideachta chuile aoisghrúpa. Nuair a bhíodh Geamaireachtaí an Phléaráca ar bóthar, théadh Mary chuile áit leo, timpeall Chonamara, Oileáin Árann, Gaillimh, An Eachléim, Rath Cairn, Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Ní chuireadh an taisteal tada as di ná na h-óicheanta deireanacha a leanadh iad. Bhíodh sí ar an doras is dhíoladh sí ticéid raifil agus thugadh sí cúnamh le glanadh agus pacáil suas, chomh maith le píosa cómhra a dhéanamh le daoine a chastaí uirthi. Is cuimhin liom uair a raibh Mary ag teacht abhaile tar éis saoire as Meiriceá, an lá céanna bhí muid ag dul go Rath Cairn leis an nGeamaireacht. Níl mé cinnte an bus a fuair sí ón aerfort i mBaile Átha Cliath nó bealach éigin eile ach bhí sí i Rath Cairn romhainn, áit a raibh oíche siamsaíochta sách déanach tar éis léiriú na geamaireachta. Ní mórán codlaidh a fuair aon duine mar bhí muid ag tabhairt ár n-aghaidh an mhaidin dár gcionn go Béal Feirste. Oíche dheireanach eile i mBéal Feirste. Bhí muid ar fad maraithé tuirseach ach ní mba amhlaidh do Mhary, ní raibh jetlag ná tuirse ag cur tada as di. Bhí sí ar ais ón Aifreann an mhaidin dar gcionn sula raibh aon duine eile ina suí.

Ní amháin go raibh Mary ar an Bhord Stiúrtha Phléaráca, bhíodh sí ag freastal freisin ar cheardlanna a bhí eagraithe ag Pléaráca, péintéireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach agus ar an gceardlann físeáin agus eagarthóireachta. Bhain sí an-sásamh as an scríbhneoireacht, bhí sí mar bhall de bhanscríbhneoirí Ros Muc. Foilsíodh a h-ábhar sa leabhar *Idir Mná* agus is minic a bhí sí le cloisteáil ag léamh a cuid filíochta ar Raidió na Gaeltachta. Fuair na banscríbhneoirí agus a dteagascóir, an file agus an scríbhneoir Máire Holmes cuireadh le léamh in Ollscoil Harvard agus in áiteacha eile i mBoston i 1995. Ag an ócáid i Harvard rinne Mary cur i láthair faoin eagraíocht Pléaráca, faoin deis a thug na ceardlanna do dhaoine a theacht le chéile agus ar an spreagadh agus an tacaíocht a thug Máire Holmes don ghrúpa scríbhneoirí. Thug sí míniú ar a cuid píosaí filíochta féin, a léigh sí don slua macléinn a bhí ag an ócáid. Léigh sí freisin faoi dhó ag an bhféile idirnáisiúnta filíochta 'Cúirt' agus go minic ag na h-óicheanta filíochta a bhíodh ar siúl ag Féile Phléaráca. Bhíodh deireadh seachtaine as baile eagraithe mórán chuile bhliain don ghrúpa a bhí ag freastal ar an gceardlann péintéireachta. Bhí muid dó nó trí de chuarta in



1996 - Bhuach Mary Gradam an Phléaráca

Inis Meáin, in Inis Oírr agus in Inis Bó Finne. Ní péintéireacht ar fad a bhíodh ar siúl, bhíodh neart ceoil agus siamsaíochta ar siúl sna tithe ósta ar na h-oileáin san oíche. Bhí muid deireadh seachtaine in Inis Bó Finne agus muid ar fad ag fanacht i mbrú ach amháin Mary a bhí ag fanacht i dteach lóistín. Tar éis den cheol críochnú dúirt mé féin agus Chris, duine eile den na mná go siúlfaidh muid go dtí an teach le Mary. Cibé áit a ndeachaigh muid amú ar an mbealach, dá mbeadh muid ag siúl ó shin chinneadh orainn an teach a fháil agus bhí an oíche an-dorcha. Chonaic muid bailte beaga go leor in Inis Bó Finne an oíche sin agus bailte tréigthe muna fóidín meara a bhí orainn. Sa deireadh dúirt mé féin le Mary gurbh fhearr dúinn ar fad dul ag an mbrú agus go socródh muid rud éigin di. Bhí mé ag ceapadh nach mbeadh sí sásta ach diabhal locht a bhí aici air agus chuaigh sí ar ais linn. Ach nuair a bhain muid an brú amach bhí Seán Leainde, beannacht Dé lena anam, agus Gwen Uí Ghaora agus iad réitithe le dhul á gcuartú. Dhéanadh Mary gáire faoi seo, deireadh sí, "sé díol an diabail é má chloiseann aon duine go ndeachaigh muid amú agus gur caitheadh a dhul á gcuartú".

I 1996 nuair a d'eagraigh Club Óige Ros Muc le tacaíocht ó Phléaráca, Féile Chaitlín Maude, is í Mary a bhí i mbun bia agus deoch a réiteach san



Turlach O'Connor, Tommy Cevan Ó Níaidh, Réamonn Ó Mainín, Máire Bn. Uí Chonaola, Máire Ní Chualáin, Éamonn Ó Cúiv, Patricia Ní Chonghaile, Mairéad Ní Chualáin, Meta Uí Mháille & Peigi Ní Chonghaile

Ionad Fiontair do raibh i láthair. Tugadh cuireadh do Mhicheál D. Ó hUiginn a bhí ina Aire Gaeltachta ag an am agus thug sé óráid ag Tobar Bhriocáin agus nochtaíodh leac ag Tí Mhaude i gcuimhne Chaitlín. Sí Caitlín Uí Chonghaile, Beanacht Dé lena h-anam, Príomhoide Ghairm Scoil na bPiarsach, agus múinteoir na ndaltaí a d'eagraigh an ócáid a bhí ina bean a'tí ag an ócáid. B'shin í an bhliain freisin a bronnadh Gradam an Phléaráca ar Mhary ag oscailt oifigiúil na féile Tí Antaine Lee i Leitir Mealláin, gradam é seo a bhronntar mar aitheantas ar dhaoine a thugann a gcuid ama go deonach ag cur chun cinn an chultúir agus an phobail. Murach gur bronnadh an gradam ar Mhary an bhliain sin is dócha nach dtarlódh sé ina dhiaidh sin, mar sin é an t-aon bhliain nach raibh sí ar bhord stiúrtha Phléaráca ó bunaíodh an eagraíocht, agus dé réir na rialacha ní feidir an gradam a bhronnadh ar aon duine atá ar an mbord.

Siar i dtús na nochaidí cruthaíodh ceangal leis an mBreatain Bhig le cúnamh ó Gwyneth Uí Ghaora. Tháinig grúpa anall go Ros Muc ag Féile na

n-Oisrí. Tugadh cuireadh anonn an bhliain dár gcionn le bheith páirteach sa bhféile mhór bhliantúil "Cnapan" a bhíodh ar siúl i FFostrasal, baile beag sa mBreatain Bhig. Bhí Mary bainteach le heagrú amhránaithe, ceoltóirí agus daimhseoirí i gcomhair an turais. Tugadh trí nó ceathair de thurais ar fad go FFostrasol agus tá mé ag ceapadh go raibh Mary ar gach ceann acu. Ní taisteal agus féilte ar fad a bhíodh i gceist, bhíodh deireadh seachtainí traenála ag Pléaráca do bhaill an bhoird agus don fhoireann oibre ina mbíodh cuid mhaith oibre i gceist. Bhíodh clár oibre na bliana le leagan amach agus cúrsaí airgid agus maoinithe le réiteach. Ach taobh amuigh den obair dheonach a rinne sí le Pléaráca bhí go leor eile ar siúl aici sa bpobal freisin. Chuile bhliain d'eagraíodh sí bus le daoine a thabhairt go Cnoc Mhuire agus b'iontach an deis é do dhaoine nach raibh carr acu nó nach raibh fonn tiomána orthu agus mar a déarfadh sí "nár mhór an éirí amach é".

Ní bheidh a leithéid arís ann.

Filíocht Paddy Mheime Ó Súilleabháin

Baile Wittenoom

Bhí baile Wittenoom suite in iargúlacht iarthuaisceart na hAstráile. Baile álainn a bhí ann. Bhí 20,000 duine ag cónaí is ag obair ann nuair a bhí an mianach aispeiste ansin faoi lán tseoil siar sna caogaidí is tús sheascaidí an chéid seo caite. Ach, bhí tionchar tromchúiseach ag an mianach úd ar na daoine ansin. Bhí os cionn míle acu básaithe cheana féin i ndeireadh na seascaidí de bharr ailse, agus neart eile ag fulaingt leis an ngalar ag an am. Cé mhéid duine atá básaithe ó shin?

Tá an baile sin tréigthe anois, le fógraí móra thimpeall ag ordú: 'fan amach.' Níl an baile ar aon léarscail níos mó. Chónaigh mé sa mbaile sin tráth, agus seo dán a chum mé faoi.

Wittenoom

B'é parthas an áit gan amhras
Sa bhfásach úd ó thuaidh,
Leana toibreacha a bhí gan triomú
Is le daoine a bhí gan fuath.

Nár oibrigh siad go dícheallach
Thrí fhuaraíocht tais is teas
Ach faraor chnig an ailse cuid
Gan leigheas ná aon dul as.

Bhí dusta marfach ag séideadh
Tríd an mbaile thall is abhus
Gan fhios ag daoine an dainséar
Ná an toradh fós, cá bhfhios.

Tháinig laige tríd an mbreioiteacht
Leis an ailse ag cothú loit
Ag cur na scamhóga ó fheidhm
Is ag fágáil gach othar tocht.

Bhí an comhlacht úd gan choinsias
Ag séanadh leis an mbréag,
Gach cáineadh is impí cráifeach
Uathu siúd cráite nó a d'éag.

Tá íomhánna díobh siúd a bhíodh
Go fóill ag fanacht thart,
Le freagraí a bhí dóibh dlite
Ach a bhí go mall ag teacht.

Bhí gach muirín lán le dóchas
Tógáil clanna sona beacht,
Ach an bhrionglóid a bhí á cothú
Tá sí faraor, go síoraí thart.

Halla Charna

Oícheanta Domhnaigh Geimhridh
Iad feistithe sna héadaí ab' fhearr,
Aniar is anoir a tháinig siad
Bíodh sé báisteach nó bíodh sé breá.

Ba rothair na príomh mhodh iompair
Ach ba chuma ag fir is mná
Mar bhí an halla mar theach solais
Leis an lóchrann os cionn an hall.

Mar halla damhsa bhí sé simplí
Na seomraí púdair níorbh iad ab' fhearr,
Le na cailíní ar bhord na scearaighe
Is na buachaillí taobh thall.

Bhí faire grinn ón doras amanna
Le Paddy Barrett amuigh sa lár,
Leis na barróga coinnithe smachtaithe
Mar gur mheas gurb shin ab' fhearr.

Bhí an coinníoll le gnátha Carghais
Chun scith a thabhairt dona cláir
Gan mar phléisiúr ach dian mhachnamh
Arís go hoíche Domhnach Cásc.

Bhí an saol sin lán le simplíocht
Cibé a d'fheil, nárbh shin mar gheall
Go raibh an halla siúd gan áiseanna
Dóibh siúd i láthair mar *Albert Hall*.

Bhí an chúirtéireacht sách teoranta
Ach bhí sin feiliúnach don am
Le buachaillí ag déanamh an achainí
Is na cailíní ag meas an fáth.

Tá na fothracha ansiúd i gcónaí
Ar an gcnocán os cionn barr láin,
Is tá a bhformhór siúd a d'fhreastal
Ag glacadh cairde faoi chúram clann.



AN GÚM
www.gaeilge.ie/angum


Haiku, más é do thoil é!
Gabriel Rosenstock
Brian Fitzgerald a mhaisigh

Haiku? Cad é sin?

Gheobhaidh tú freagra na ceiste sin, chomh maith le mórán ceisteanna eile faoin haiku, sa saothar spraiúil seo le Gabriel Rosenstock. Ar an aos óg atá sé dírithe ach bainfidh idir óg agus aosta sult as an léargas a thugtar ann ar dhomhan iontach an haiku.

ISBN 978-1-85791-822-9 €7.50 96lch Bog

An Siopa Leabhar (01) 478 3814
www.litriocht.com www.siopagaeilge.ie www.siopa.ie



lá fánaíochta
lá le haghaidh haiku -
báisteach earraigh

Forbairt Pobal Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge


Na Forbacha
Co. na Gaillimhe / Co. Galway
Teil:/Tel: (091) 503100
Facs:/Fax: (091) 503101

e: eolas@udaras.ie w: www.udaras.ie

Údarás na Gaeltachta

Ros an Mhíl

Edel de Paor & Aonghus Ó Flatharta



Is baile fearainn beag atá i Ros an Mhíl atá suite timpeall trí mhíle fichead siar ó chathair na Gaillimhe ar bhóthar an Rí. Tá sé suite i gceartlár na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga an phobail.

Leithinis nó gob is ciall le 'Ros' agus meastar go dtagann 'an Mhíl' ó mhíol mór a tháinig i dtír ar an leithinis fadó.

"Más fear saibhir thú le yacht,
Nó báidín le dhá sheas,
Beidh na céadta fáilte i Ros a' Mhíl romhat.
's más maith leat damhsa is ceol
Gabh síos Tigh Pheadair Mhóir
Nó Tí Terry más maith leat jiveáil."

'Siar go Conamara'
Pádraig Pheaitín an Táilliúra Ó Conghaile

Dhá theach tábhairne atá sa cheantar, an Chéibh, nó Tí Terry mar a bhíodh air agus mar is fearr aithne go fóill air i mBarr Roisín agus Tigh Pheadair Mhóir atá suite ar an mBánrach. Is sna hionaid seo a bhíonn ceol agus scléip ag muintir na háite mar a luaitear sna hamhráin a scríobh an file agus cumadóir amhrán as Ros an Mhíl, Pádraig Pheaitín an Táilliúra Ó Conghaile 'I m'fhear óg i Ros a' Mhíl' agus 'Siar go Conamara'.

Fear eile a chum agus a chuir Gaeilge ar amhrán ba ea Tadhg P. Ó Séaghdha. Tháinig Tadhg go Ros an Mhíl sa bhliain 1941 agus é mar phríomhoide ar an mbunscoil. San am sin, bhí an bhunscoil sna Doireadha san áit ina bhfuil Áras Phobail Chois Cuain anois. Osclaíodh an seanscoil ar an gcéad lá de mhí Aibreáin 1886 agus bhí Tadhg mar phríomhoide ansin agus sa scoil nua a osclaíodh i 1969.

Ar cheann de na hamhráin a d'aistrigh Tadhg P. Ó Séaghdha, tá 'Deoraí Ros a' Mhíl', claon aithris ar 'Galway Bay' de chuid Francis A. Fahy. Nuair a chuimhnítear ar an amhrán sin, is é glór suaithinseach Antaine Pheaitín Terry Mac Donnchadha a thagann chun cuimhne. Boscadóir agus amhránaí den scoth agus fear uasal ab ea Antaine a fuineadh agus fáisceadh as traidisiún ceoil agus amhránaíochta na Gaeltachta. Ritheann féith an cheoil agus a ghifte nádúrtha go smior ina chlann a bhfuil bua an cheoil acu chomh maith.

Is iomaí stéibh a chas Antaine in Áras Pobail Chois Cuain a thóg muintir na háite agus a osclaíodh an 9 Bealtaine 1992. Reachtáiltear imeachtaí áitiúla éagsúla san Áras mar aon le Biongó Choiste na Páirce, Ros an Mhíl chun an pháirc imeartha áitiúil, nó an *Canal* mar a thugtar uirthi go háitiúil, a chothabháil.

Tá an *Canal* suite leathbhealach idir an seanscoil agus an scoil nua. Rinneadh athchóiriú mór ar fhoirgnimh agus ar chlós na scoile sa bhliain 2010. Bhí Seán Leainde mar fheighlí ag an scoil ag an am sin agus mar a rinne sé le Club Óige Ros an Mhíl deich mbliana níos túisce, chabhraigh sé go mór le gasúir na scoile an dráma a scríobh sé féin 'Brionglóid Mháirtín' a chur ar stáitse. Díreach mar a rinne an Club Óige, is iomaí gradam agus gaisce a bhain an scoil amach leis an dráma sin.

Fear éirimiúil, cruthaitheach, ildánach agus aisteoir den chéad scoth ba ea Seán a bhí páirteach i léirithe de chuid Amharclann na Mainistreach mar aon le drámaí áitiúla, cláir teilifíse agus scannáin. Fear a bhí i Seán a sheas i gceartlár a phobail agus go deimhin a chónaigh i gceartlár a phobail idir an bhunscoil, an siopa áitiúil agus an séipéal, Cill Treasa. Tógadh Cill Treasa an Linbh Íosa sa bhliain 1934 agus le ceithre scór bliain anuas tá sí ag feidhmiú mar lárionad don phobal i gcomhair ócáidí duairce agus ceiliúrtha. Téann daoine chuig Cill Treasa chun solás a aimsiú le linn tréimhsí dorchá chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh ar ócáidí speisialta an tsaoil.

Is é an séadchomhartha is suntasaí atá i Ros an Mhíl an Túr Martello, nó an *Battery* mar a thugtar air, atá ar an taobh eile den leithinis ón seanbhaile, ag féachaint amach ar Chuan Chasla. Thóg na Sasanaigh 50 tús den chineál seo ar fud chósta na hÉireann chun iad féin a chosaint ó ionsaithe na bhFrancach. Bhí an tús seo ar cheann de thrí thúr a tógadh ar chósta na Gaillimhe idir na blianta 1811-1815. Tá cuma mhaith ar an tús go fóill, níl aon damáiste mór déanta leis an dromchla agus tá an gunna fós ar a bharr. De réir Bhailiúchán na Scol, 1938 bhí saighdiúirí fós sa tús i 1866 agus tugtar le fios go raibh a bpost fágtha acu faoi 1870.

Is i rith na tréimhse seo ó 1860-1870 a tógadh stáisiún an Gharda Cóta i mBaile an tSléibhe. Deirtear gurbh iad muintir Uí Thuairisc a bhí bhfeighil an stáisiúin go dtí timpeall 1922. Ina dhiaidh sin, mheath an stáisiún agus níl fágtha anois de ach spallaí.

Is ar an taobh eile den leithinis i mBaile Láir a mheastar gur tháinig an chéad lonnaitheoir go Ros an Mhíl. Deirtear gur thóg sé teach ann ag deireadh an 16ú haois. Tugadh 'Ó Conaire' air agus bhí fothracha a tháinig le feiceáil i mBaile Láir go dtí na 1950idí. Deirtear gurbh iad na Flathartaigh

agus na Curraoiní an chéad dá theaghlach eile a tháinig go dtí an ceantar.

Is i mBaile Láir anois atá lárionad an choláiste Gaeilge, Coláiste Chamuis, a chuireann cúrsaí Gaeilge ar fáil sa samhradh do dhéagóirí na tíre. Tá ionad ag Coláiste Chamuis i Ros an Mhíl ó 1992. Bíonn an ceantar breá bríomhar i rith an tsamhraidh nuair a chloistear daoine óga as gach cearn den tír ag labhairt agus ag canadh amhrán i nGaeilge agus iad ag freastal ar na cúrsaí.

Síos an bóthar ón gcoláiste Gaeilge tá an t-ionad turasóireachta is mó i Ros an Mhíl, an Chéibh. Is as an gcéibh seo a théann na báid farantóireachta chuig trí oileán Árann. Tógadh an Chéibh mar aon le monarcha éisc sna 1970idí, rud a chur go mór le cúrsaí fostaíochta agus turasóireachta an cheantair. As sin i leith tá borradh ag teacht ar an líon daoine a thugann cuairt ar oileáin Árann agus ar Ros an Mhíl. Is ar an gcéibh seo atá stáisiún an Gharda Cóta lonnaithe anois. Tá ionad agus trealamh den scoth acu agus obair fíorthábhachtach á déanamh acu. Is álainn an radharc atá le feiceáil ón mbád go hÁrainn as Ros an Mhíl, go deimhin. Feictear Aill an Bhlácaigh, Cnoc Ros an Mhíl, an Túr Martello, seanstáisiún an Gharda Cóta, Tóin an Chnoic agus Cuan Fhortail.

Tá áilleacht Ros an Mhíl á aithint anois ag leibhéal náisiúnta agus é mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin, an bealach turasóireachta náisiúnta nua. Déanfaidh turasóirí a mbealach fud fad chósta iarthar na hÉireann agus Ros an Mhíl suite i lár a dturais. Beidh togha an phionta Guinness agus suíochán cois tine le fáil ar a gcompord acu Tí Pheadair Mhóir nó sin béile agus deoch ar a sáimhín só Tí Terry.

"Dá bhfaighinnse arís fuil m'óige is brí
I m' chroí tá anois go tláth
Ar stór an rí 's ar ór an tsaoil
Ní fhágfainn choíche do thráigh.
D'altóinn go buíoch a bhfaighinn ó Dhia
Measc comharsanaí gan chluain
Gó sínfí siar mo chnámha i d' chill
A Ros a' Mhíl cois chuain.

'Deoraí Ros a' Mhíl'
Tadhg P. Ó Séaghdha



IONAD EALAÍONA INIS OÍRR

Inis Oírr, Co. na Gaillimhe

Fón: 099-75150

araseanna@eircom.net

www.araseanna.ie



Tomás Ó hÍr & a Chomhpháirtí

Innealtóirí Próiseas & Déantúsaíocht

- Feabhsú caighdeán, táirgiúlacht & próiseais.
- Leagan amach áras déantúsaíochta & stórála.
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre.

Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Co. na Gaillimhe.

Fón: 046-9555885

087-2433627

www.toh.ie

info@toh.ie

Ryan McGinty

Laghdú Cánach!

Brabús Breise!

Cuir glaoch ar Cyril McGinty

091 395480


cmcginty@rmca.ie

www.rmca.ie

Cuntasóirí Deimhniúithe Cairte

T-Léinte, Cochaill, Léinte Polo, Seaicéid, Caipíní & tuilleadh
Síodchló, Bróidnéireacht & Priondáil Aon-Phíosai

Ag iarraidh T-LÉINTE priondáiíte?
Coinnigh an gnó go háitiúil



T-Léinte ASF, An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire

fón: 091-553343 ephost: tshirt@eircom.net idirlíon: www.t-shirt.ie.

Clár na Féile 2014

Dé hAoine 16 Bealtaine

13.00 i.n. **Pléaráca sa Scoil**

Ionad Pobail Cois Cuain

Cóisir agus taispeántas do ghasúir

Scoil Náisiúnta Ros an Mhíl

le aoí-speisialta.

19.00 i.n. **Seoladh Taispeántas Nua Grianghraf**

"Muintir an Bhaile" le Bob Quinn

Ionad Pobail Chois Cuain

20.00 i.n. **Seoladh Oifigiúil na Féile**

Ionad: Tigh Pheadair Mhóir

Á sheoladh ag Norita Ní Chartúr

Fear an tí: **Seáin Chóil Nan a**

'Pháidín

Ceol: Micheál Ó Dómhnaill &

ceoltóirí eile

Seoladh na hIrise 'Pléaráca'

Bronnadh Ghradam Phléaráca 2014

Dé Satharn 17 Bealtaine

11.00 r.n. **Siúlóid:**

Ó Chéibh Cheann an Bhóthair i mBaile

an tSléibhe go dtí an Battery ar an

mBaile Láir.

Inseoidh Máirín Mhic Lochlainn

seanchais an cheantar.

14.00 i.n. **Ceardlann Damhsa ar an Sean-nós**

le Patricia Ní Fhátharta

Ionad Pobail Cois Cuain

Táille: €5.00 do ghasúir,

€8.00 do dhaoine fásta.

16.00 i.n. **Taispeántas ón mBád Tarrthála**

Céibh Ros an Mhíl

19.00 i.n. **Cór Chois Fharrainge Seipéal Chill Treasa**

21.00 i.n. **Ar chuala tú an ceann seo?**

Oíche i gcuimhne **Sheáin Leainde.**

Agallaimh beirte, sceitsí agus

greannndhrámaíocht.

Ionad: Tigh Terry

Páirteach: **Pádraig Ó Mullaoideh,**

Tom de Bhailís, Seán Phat Mór Ó

Loideáin, Máirtín Jaimsie Ó

Flaithbheartaigh, Seán Ó Gráinne,

Danny de Bhailís, Josie Mac Donncha

& Jackie Mac Donncha.

Dé Domhnaigh 18 Bealtaine

18.00 i.n. **Céilí**

Ionad Pobail Cois Cuain

Ceol: **Sonai Choilm Learaí Ó**

Conghaile

20.00 i.n. **Ros a' Mhíl Cois Cuain**

Amhráin Ros an Mhíl

Fear an tí: **Tomás Mac Con Iomaire**

Ionad Pobail Cois Cuain.

19.00 i.n. **An Béal Beo**

Léamh agus aithris ar shaothar daoine

ón gceantar.

Ionad Pobail Cois Cuain.

Is muide an chéad ghlúin eile!

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Más ag tógáil do chlann le Gaeilge atá tú, tuigfidh tú na dúshláin a bhaineann leis. Is mionlach muid, fiú sa nGaeltacht. Fiú mura tuismitheoir tú nó má tá do chlann tógtha agat, tuigfidh tú go bhfuil géarchéim teanga sa nGaeltacht faoi láthair. Ní maith linn an méid seo a admháil ach tá an fhírinne searbh agus caithfear dul i ngleic leis an bhfadhb.

Ach níl an cath caillte fós agus is léiriú í an fhorbairt atá tagtha agus an bláthú atá faoin eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta ó bunaíodh í sa mbliain 2011 gur mór le muintir Chonamara an cás agus nach bhfuil siad sásta géilleadh go fóill!

Tá muid ag eagrú ócáidí sóisialta do theaghlaigh ón uair a cuireadh tús linn chun ‘tearmann teanga’ a chur ar fáil do ghasúir agus le ‘gréasán’ a chruthú do thuismitheoirí – áit ina bhfuil na gasúir in ann aithne a chur ar a chéile agus dul i mbun spraoi ina dteanga dhúchais agus áit ina bhfuil tuismitheoirí in ann aithne níos fearr a chur ar a chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile.

Tá an múnla seo aitheanta ag lucht pleanála teanga go hidirnáisiúnta mar áis thábhachtach sa sealbhú agus sa saibhriú teanga agus le dea-nósmhaireacht teanga a chothú. Cuirfidh na gasúir aithne ar a chéile trí mheán na Gaeilge, tabharfaidh siad leo an teanga ar bhealach nádúrtha agus leanfaidh siad orthu ag Gaeilgeoireacht leis na gasúir eile ar feadh a saol (le cúnamh Dé!).

An rud is iontaí faoi ná gur i ngan fhios a tharlaíonn sé seo uilig do na gasúir! Ní bhíonn duine ar bith ag fógairt orthu faoin teanga agus próiseas nádúrtha, dearfach a bhíonn i gceist. Cothaíonn sé muinín iontu sa teanga agus muinín iontu féin mar chainteoirí dúchais.

Tá forbairt mhór tagtha ar an eagraíocht le bliain nó mar sin. D’éirigh thar cionn leis an gcampa samhraidh do dhéagóirí a eagraíodh i mí Iúil 2013 i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus le maoiniú ó Roinn na Gaeltachta. Go deimhin tá súil againn campa eile a eagrú i mbliana.

Tugadh deis do gasúir na Gaeltachta ‘Litir chuig Santa’ a scríobh i nGaeilge le linn tréimhse na

Nollag 2013 agus m’anam go bhfuair siad freagra breá Gaelach ón bhFear Mór freisin! D’fhreastail ós cionn 120 gasúr agus a gcuid tuismitheoirí ar ócáid a eagraíodh ag Oireachtas na Gaeilge i Mí na Samhna 2013. Chuireamar aithne ar theaghlaigh Ghaeltachta eile agus tá súil againn ócáid den chineál céanna a eagrú ag an Oireachtas arís i mbliana.

Tá suíomh idirlín á fhorbairt againn faoi láthair agus beidh togra pleanála teanga ag teacht chun críche sna seachtainí amach romhainn. Beidh bileoga eolais faoi réimsí áirithe den phleanáil teanga á bhfoilsiú mar chuid de seo. Reáchtáladh ceardlanna pleanála teanga leis an gcoiste agus le grúpa tuismitheoirí mar chuid den phróiseas seo freisin.

D’éirigh leis an eagraíocht áit a bhaint amach ar an ngearrliosta do Ghradam an Mhéara 2013 sa Rannóg Ealaíon agus Cultúir. Éacht faoi leith a bhí anseo d’eagraíocht iomlán deonach. Tá muid páirteach freisin sa bpróiseas pleanála teanga atá curtha ar bun i gCois Fharraige.

Thug muid cuairt ar na háiteanna seo a leanas: An Cheathrú Rua, Indreabhán, Leitir Mealláin, Ros Muc, Camus, Cinn Mhara, Carna, An Droim agus An Tulach. Tá teaghlaigh ó na háiteanna seo uilig cláraithe leis an eagraíocht: Na Forbacha, An Spidéal, Indreabhán agus ceantar Chois Fharraige, Na Minna, Ros a Mhíl, Cladhnach, Casla, An Cheathrú Rua, Cinn Mhara, Muicineach, Gleann Trasna, Gleann Chatha, Camas, Ros Muc, Tuairín, Béal an Daingin, Leitir Móir, An Droim, Leitir Mealláin, Foinnis, Trá Bhán agus ceantar na nOileán, Carna, Cill Chiaráin agus Iorras Aithneach, Cnoc na Cathrach, Maigh Cuilinn agus Cill Rónáin.

Tá go leor beartaithe don bhliain amach romhainn, déan teagmháil linn má theastaíonn uait féin agus do chlann páirt a ghlacadh sa spraoi. Is féidir teacht orainn ar an bhfón póca ag 087 3382885 nó ag tuismitheoirinagaeltachta@gmail.com Táimid ar facebook faoi: Tuismitheoirí na Gaeltachta – Conamara agus ar Twitter ag @tuismitheoiri Tá suíomh nua idirlín a fhorbairt againn freisin a bheidh ar fáil go gairid www.tuismitheoiri.ie

Súil Siar

Tigh Pheadair Mhóir ar an mBánrainn



"Ach cá bhfuil Tigh Pheadair Mhóir mar sin?" – ceist a chuirtear go minic orm nuair a luaitear na hoicheantaí áirneáin a bhíonn ar siúl i gcaitheamh na bliana sa teach ósta ceann tuí sin ar an mBánrainn. "Siar díreach ó chrosbhothair na Tulai agus feicfidh sibh teach ceann tuí ar thaobh na láimhe deise". "Ach nach shin Tigh Pheadair Dick?"

'Tigh Pheadair Mhóir', 'Tigh Pheadair Dick', nó 'Teach Ósta Uí Chualáin' mar atá scríofa ar fhógra ag an gcosbhothar is cuma céard a ghlaonn tú air is é an teach breá céanna é, ceann de na tithe ósta is tarraingtí i gConamara nó in Éirinn fiú.

Tá sé ráite gur tógadh an teach den chéad uair ós cionn dhá chéad bliain ó shin. Ceaptar gur cuireadh píosa soir as uair éicint ag deireadh an chéid seo caite. Seans gur tharla sé seo nuair a tháinig Bríd Ní Fhatharta, Bideach Mharcuis agus a fear céile Ned Cotter (athair Johnny Cotter) abhaile as Meiriceá nó gur cheannaigh siad an teach ar phraghas an-iseal, punt tobac nó rud éicint suarach mar sin.

Maidí coille atá sa díon thiar ach adhmaid gearrtha atá sa gceann thoir, rud a thabharfadh le fios gur

ag am níos deireanaí a tógadh an chuid thoir. Tá an t-adhmaid céanna sin fós i ndíon an lae inniu. Ceaptar gur b'iad Ned Cotter agus Bideach Mharcuis a fuair an chéad ceadúnas ó Bhanríon Shasana chun pórtar a dhíol ann, ach seans gur sibín a bhí ann roimhe sin.

Ag an am sin thugtaí an pórtar amach as Gaillimh i gcarr capaill. D'fhágtaí an teach ag meánoiche le bheith i nGaillimh an chéad rud ar maidin agus arís don tráthnóna. Ar ndóigh is iomaí duine a bhíodh ag siúl go Gaillimh an tráth sin; ag tosú amach i lár na hoíche lena gcuid earraí a dhíol ar an margadh ar maidin.

Thart ar 1920 nó roimhe sin fuair Sarah Feeney seilbh ar an teach. Bhí Sarah pósta ar dhuine de mhuintir Chotter agus nuair a bhásaigh seisean ba léi féin an teach. Phós sí arís ansin, an tráth seo Pádraig Ó Domhnaill as Cnoc an Asail, Maigh Cuilinn. Nuair a bhásaigh Sarah Feeney í fhéin chuaigh Máiréad Ní Dhomhnaill, a raibh fear Sarah ina uncail aici siar ag tabhairt aire dó siúd.

Tigh Pheadair Dick

Sa mbliain 1947 phós Máiréad Ní Dhomhnaill, Peadar Tom Rua ó Cualáin as Leitir Calaidh. Bhí

Gearóid Ó Murchú

Peadar ag obair ag an am mar bhainisteoir ag Dick Ó Thuathail, fear a raibh sraith mór siopaí sa gceantar aige. Is as seo a d'eascair an tainm Peadar Dick.

Is díol suntais go dtí an lá atá inniu ann fógra ornáideach sa tsean scríbhinn Ghaelach atá crochta ar an mballa taobh amuigh.

"Mairéad Ní Chualáin, ceadúnas seacht lá. Ceadúnaithe chun beoir, fíon agus biotáille a dhíol, air nó as na háitreabh. Ceadúnas chun tobac a dhíol."

Ar ndóigh ba í Máiréad Ní Chualáin, bean Pheadair Dick agus máthair Thomáis Uí Chualáin atá anois ina fhear a 'tí.

Fearacht chuile theach eile den tsórt ag an am, ní teach ósta amháin a bhí ann. Bhíodh chuile shórt á dhíol ann. "Earraí grósaeireachta, beatha beithíoch, spealta, iasc, feoil, cuinneogaí, rópaí, creannta speile, plúr, chuile shórt beo," agus is dóigh go raibh neart taithí ag Peadar Mór ar dheileáil leis an taobh sin den ghnó agus é ag obair le Dick Tuathail.

Céard as a dtáinig an tainm "Peadar Mór", mar a thugann muintir na Bánrainne air, mar ní fear mór ard a bhí ann, ach fear é a bhí in ann caint mhór a dhéanamh, go speisialta le stráinséirí agus bhí neart scéalta móra aige. Is dócha gur mar gheall air seo a baisteadh Peadar Mór air. Cailleadh Peadar é féin thart ar dheich mbliana ó shin, beannacht Dé lena anam.

Lá an Phátrúin

An lá is mó sa mbliain a bhíodh ag Tigh Pheadair Dick ná lá an Phátrúin, 9ú Meitheamh, Lá Thobar Cholm Cille. Bhíodh daoine ag teacht ó chéin is ó chongar ann.

Thagadh daoine aniar as na hoileáin le báid, le turas an tobair a dhéanamh. Thagadh daoine de shiúl na gcos aniar as Carna, Ros Muc, Leitir Mealláin agus chuile áit eile i gConamara. D'fhágáidís sin an oíche roimhe. D'fhanáidís sa teach ósta ina gcodladh sa lochta ar mhálaí bran, sin dá gcodlaídis ar chor ar bith.

Bhíodh sluaite móra ann. Agus bhíodh neart pórtair á ól. Tá sé ráite gur tháinig soitheach amach as Gaillimh bliain amháin agus í líonta le barrillí pórtair, go speisialta don ócáid. Is minic a bhíodh achrann ann freisin agus réabadh, mar go leor de na daoine a bhíodh ann ní chasáidís le chéile ach uair sa mbliain, ar an lá seo.

Bhíodh an pub féin dúnta lá an Phátrúin agus boird agus cuntair taobh amuigh ar an tsráid le freastal ar an slua.

Nuair a bhí an Pátrún i mbarr a réime, bhíodh cábáin ann ag díol chuile shórt earraí, díreach ar nós aonach an Tí Dhóite. Bhíodh "fir roll the penny" ann agus "fir Pitch and Toss" chomh maith le roth roulette agus ar ndóigh "fear an 3 card trick." Sa seanam bhíodh cábán óil ag an bPátrún freisin.

An Ré Nua

Sa mbliain 1989 chuir úinéara an lae

inniu, Tommy Pheadair Mhóir, athchóiriú iomlán ar an teach ósta. Sé Gerry Joyce a rinne an leagan amach. Chuir sé an brat nua giolcach ar an díon i 1982. I mbliana tógadh póirse nua mar chosaint bhreise ar an aimsir agus cuireadh brat giolcach air sin chomh maith.

Bíonn an-tarraingt ag stráinséirí anois ar an áit agus iad ag dul thar bráid. Tógtar go leor pictiúirí den teach agus de na daoine a ólann ann. Chuir sé an-íontas orm féin agus mé ar saoire i ndeisceart na Fraince go bhfaca mé pictiúr breá de Chóil Tom Ó Conghaile ón gCaorán ar chlúdach "Irlande" iris Bhord Fáilte sa bhFrainc. Is cosúil gur ghlac duine de mhuintir na Fraince an pictiúr seo de Chóil Tom ag seasamh ag doras Tigh Pheadair Mhóir agus gur foilsíodh é i ngan fhios dó, ach sin scéal eile. Is pictiúr breá é agus tá sé crochta i measc grianghrafanna eile sa teach ósta.

Scéal spéisiúil eile faoi ghrianghrafanna ná an ceann seo a d'inis Peadar Ó Cualáin, Peter Pheadair Mhóir dom. Is cosúil go mbíodh go leor pictiúr á nglacadh den áit nuair a bhí Peadar Mór é féin beo agus i gcónaí d'iarradh sé go gcuirfí cóip den phictiúr chuige. Ghlac fear áirithe pictiúr dhó sa bpub lá agus is cosúil nuair a d'fhill an fear seo abhaile, pé ar bith áit sa domhan a

raibh sé, go raibh ainm, agus seoladh Pheadair cailte aige. Ach níor sháraigh sé sin mo dhuine. Tamall ina dhiaidh sin tháinig litir sa bpost agus an pictiúr istigh ann. San áit a raibh éadan Pheadair ar an bpictiúr bhí poll déanta sa gclúdach litreach agus é féin ag breathnú amach as. Sé seoladh a bhí ar an gclúdach ná "This man. Thatched Cottage. Connemara." Rinne an litir roinnt mhaith siúil ach gan mórán achair d'aithnigh Seán Tuohy in Oifig an Phoist, Indreabhán an t-éadan a bhí ag breathnú air.

Oícheanta Áirneáin

Na laethanta seo tá cáil Tigh Pheadair Mhóir ag scaipeadh ar bhealach nua mar ionad ceoil agus amhránaíochta. Is iomaí seisiún breá amhránaíochta agus seanchais a bhí ann le tamall de bhlianta. Eagraítear oícheanta beaga áirneáin go rialta os comhair tine bhreá mhóna sa ngeimhreadh. Ach an ócáid is mó ar fad anois ná an Oíche Mhór Áirneán le linn Phléaráca Chonamara. Bíonn an áit ag cur thar maoil. Cloistear cuid den scéalaíocht, den sean-nós agus den seanchas is fearr dá bhfuil ann an oíche sin.

Ach táid ann a déarfadh go gcloistea a mhacasamhail lá ar bith Tigh Pheadair Mhóir.



Foireann Peile Ros a' Mhíl 1935



Ó chlé chun cúil: Micheál Mac Donncha (Terry) ar shlí na fírinne; Tomás Ó hAilín (Tommy Rua) ar shlí na fírinne; Pádraig Ó Luaithre; Séamus Ó Scanláin (Jimmy Bán); Pádraig Mac Donncha (Paitsí); Colm Mac Donncha (Cóilín Choilm) Co. na Mí; Peadar Ó Scanláin (Peadar Bán); Tomás Ó Curraoin; Micheál Ó Scanláin (Michael Bán) Baile na hAbhann; Peadar Mac Donnacha (Peatar Citta) ar shlí na

fírinne.

Ó chlé chun tosaigh: Seosamh Ó Laoi (Josie Lee), Tír an Fhia; Pádraig Mac Donncha (Pateen Phatchín); Peadar Ó Scanláin (Pete Shéamais Sailli), Cor na Rón; Pádraig Ó hAilín (Pádraig Sheáin Frainc); Tomás Mac an Iomaire (Tom Pheadair Thomáisín), Sasana; An tAth. Liam Ó Móráin.



Ar bharr: Tom, Colm, Bríd & Nóra lena máthair Cáit Chóilín.

Ar chlé: Cáit Chóilín & Cóilín Cóil Choilm Mac Donnacha as Baile Láir, Ros a' Mhíl a bhog go Dún Samhnaí, Co. na Mí, 1956



Scannánadóir a bhfuil cónaí air i gConamara ó 1970 ... chaith sé a phost buan le RTÉ in aer i 1969 ... tá sé anois ceapaithe ar Údarás RTÉ

SAN AGALLAMH SEO LE BRÍD NÍ CHARTÚIR NOCHTANN

BOB QUINN

..... A CHUID SMAOINTE AR RTÉ, AR CHONAMARA AGUS AR TNAG.

Ar dtús an bhféadfá cuntas gearr a thabhairt ar an tréimhse a chaith tú in RTÉ?

Chaith mé timpeall is ocht mbliana ag obair in RTÉ sna seascaidí. Thosaigh mé mar thraenálaí. Bhí mé ag plé le cúrsaí fuaimne ar feadh dhá bhliain. Ansin mar leiritheoir d'fhan mé ann ar feadh cúig nó sé de bhlianta ina dhiaidh sin agus bhain mé an-táirneamh as. Bhí sé iontach. Rud nua a bhí ann agus bhí chuide dhuine óg. B'i an bhunchloch a bhí ag RTÉ an tríocho traenálaí a bhí ann, dream nach raibh baint dá laghad acu le teilifís ná le raidió roimhe sin. Bhí daoine as chuide aird agus chuide cheird ina measc - grianghrafadóirí, ceoltóirí, péintéirí. Bhí chimney sweep amháin ann agus bhí intinn oscailte againn agus muid réidh le haghaidh chuide rud.

Cén fáth an raibh suim agat an chéad lá riamh i scannánaíocht?

Ní raibh suim agam i ndéanamh scannán. Thairnigh scannán go mór liom. Bhíodh mé ag dul ag an cinema i gcónaí mar ní raibh aon teilifís ann le m'óige. Ní suim sa scannánaíocht ach suim i gceol, suim san ealaíon, agus suim in aisteoireacht. In RTÉ bhí mé ag plé le obair stiúideo. De réir a chéile d'éirigh mé tuisceadh den obair stiúideo agus thóg mé ceamara amach agus rinne mé scannán beag. Ansin scannán eile agus thug mé gurbh é sin an cheird ab fhearr liom a dhéanamh. Sin é an chaoi ar thosaigh sé. Ní raibh cluaise agam i ndáiríre. Bhí sé suimiúil agus nua agus ní raibh mé sásta dul isteach i job ar bith eile - sórt tincéara a bhí ionam, bhí mé ag athrú jobanna ó bottle washer, go cléireach, go life saver, go múinteoir Béarla sa nGearmáin. Ní raibh cluaise agam nuair a chuaigh mé isteach sna scannáin. Tá sé mar an gcéanna anois chomh maith.

D'fhág tú RTÉ i 1969, céan fáth ar fhág tú?

D'fhág mé mar is dóigh go raibh mé craiceáilté. Is job iontach a bhí ann ach sa deireadh cheap mé nárbh fhiú tada an obair a bhí mé ag déanamh. Bhí mise ag cur chuile rud isteach sna scannáin sin agus bhí siad ag dul amach ar RTÉ, ag baint duaiseanna amach ar fud an domhain ach ag an am céanna thug mé sa deireadh nach raibh mé ach ag díol Persil. Sa deireadh cheap mé nárbh fhiú dom a bheith ag déanamh scannán le Persil nó Smarties a dhiol. B'shin an fáth ar fhág mé.

D'imigh tú as RTÉ ansin agus tháinig tú anuas go Conamara agus bhunaigh tú an comhlacht Cinegaele le Seosamh Ó Cuaig agus Tony Cristofides, beirt a raibh baint mhór acu le Cearta Sibhialta na Gaeltachta. Céard iad na haidhmeanna a bhí agaibh nuair a thosaigh sibh an comhlacht?

Thugamar faoi deara céard a bhí ag dul amach ar an teilifís. Bhí daoine mór le rá, Gay Byrne agus a leithéid, ach ní minic a d'fheicfeá duine as Conamara nó cainteoir dúchais. Chonaic mise mar bhí mé ar *Indian Reservation* i gCeanada agus thug mé faoi deara na daoine sin ag breathnú ar an *cavalry* á mhilleadh agus bhí mé ag smaoineamh ar an mbrú a bheadh ar fhéin-mhuinín na ngasúr seo ag fás aníos. Thug mé faoi deara gurbh é sin an fáth a raibh siad ag ól an iomarca. An *life expectancy* a bhí ann ná 33 bliain ag na fir agus 36 do na mná. Níl mé ag rá gur *Indians* a bhí anseo ach bhí an rud céanna i gceist ann. Mura bhfuil lomhá maith pearsanta ag duine faoi féin cheapadh sé nó sí nach fiú an saol. Mar gheall gur as an teilifís a bhí an brú is mó ag teacht ar shíceolaíocht agus féin — mhuinín an duine cheap muid go mba chóir go mbeadh pictiúir agus fuaimneanna ag teacht as an taobh seo tíre agus iarracht a dhéanamh iad

a chur ar an teilifís i dtreo is go bhfeicfeadh muintir na Gaeltachta go raibh siad chomh tábhachtach agus chomh líofa agus chomh ciallmhar agus chomh hálainn le leithéidí Gay Byrne.

Déarfadh daoine go raibh sé aisteach gur tháinig tú go Conamara le cur fút. Tar éis os cionn fiche bliain, an bhfanfaidh tú anseo? An bhfuil fréamhacha na hionspioráide a fhaigheann tú i gConamara?

Níl a fhios agam ar chur mé síos fréamhacha ariamh, mar is tincéara i gcónaí mé. De thimpist tá mé anseo le os cionn scór bliain anois agus ní fheicim aon áit eile a bhféadfáinn cónaí ann tar éis na háite seo. Ní thuigim céan fáth mar i mí Feabhra nuair atá sé gruama chuide bhliain deirim go gcaithfidh mé imeacht ach tagann an tEarrach agus tuigim céan fáth a bhfuil mé anseo. Chomh maith leis sin tá pobal anseo agus ní go minic sa domhan latharach a bhfuil pobal fanta. Tá sé ró chasta dul isteach sa bhfáth díreach ar leandáil mé i gConamara. Bhí mé i gConamara blianta fada roimhe sin agus ní raibh fhios agam go raibh Gaeltacht ann. Níor thug mé go raibh aon suim agam i gcúrsaí Gaeltachta nó Gaeilge ach cuireadh in iúl dom rud amháin i RTÉ tré Liam Ó Murchú cé chomh tábhachtach is a bhí an Ghaeilge.

Scríobh mé ag Déasún Fennell a bhí i Maoinis ag an am. Bhí mé ag maireachtáil i gcarbhan i nDún na nGall, le mo bhean chéile agus leanbh agus scríobh mé chuig Fennell agus d'fhiafraigh mé dhó an bhféadfadh fear cosúil liomsa maireachtáil i gConamara. Faoi am seo thug mé chomh tábhachtach is a bhí an Ghaeilge mar sórt fascadh ón *commercial consumer society*. Ghlaoigh Fennell ar ais agus dúirt sé go cinnte go raibh sé éasca ag duine maireachtáil anseo má bhí sé láidir agus má bhí



Teilifís na Gaeltachta i mbun croalta le linn seiminedr ar chúrsaí teilifíse ag Direachtas na nGael, Ros Muc, 1987. Pádraig de Bhaldráit atá ag labhairt, agus is iad Billy Keedy (na Forbacha) agus Tommy Collins (Doire) atá i mbun na gceamaraí. Tá Seosamh Ó Cuaig le feiceáil ar dheis den phictiúr. (pic: Bob Quinn)

fuinneamh aige. Mar sin chuir mé chuile rud a bhí agam — agus ní mórán a bhí agam — isteach sa Volkswagen van agus thiomáin mé síos anseo agus tá mé anseo ó shoin. I gCárma a thosaigh mé, ansin bhí mé i Ros Muc, Baile na hAbhann, Na Forbacha agus ar feadh i bhfad san gCeathrú Rua. Is tincéara i gcónaí mé agus anois tá mé ar an Tuairín ach tá mé ag ceapadh go bhfuil mé leandáilte i gceart anseo. Tá spás agam anseo sa Tuairín le crainnte a chur. Is iontach an áit é seo.

Bhí baint mhór agat leis an bhfeachtas le haghaidh Teilifís na Gaeltachta. An bhfuil tú sásta anois go mbeidh toradh dearfach air bhur gcuid oibre?

I ndáiríre ní dóigh liom go bhfuil mórán baint ag Teilifís na Gaeilge mar atá pleanáilte agus an teilifís beag pobail a bhí ar intinn againn nuair a chuaigh muid suas ar Chnoc Mordáin i 1987. Is rud mór é anois. Beidh sé scaipthe. B'fhéidir gur rud maith é sin. Níl mé ag rá nach rud maith é ach i ndáiríre níl mórán suime go pearsanta agam ann mar níl aon suim agamsa ach sa phobal seo, pobal Chonamara. Ní hé an rud a bhí i gceist agamsa nuair a bhí baint agam le Teilifís Pobail. Ní dóigh liom go gceapadh mórán dena daoine a bhí thuas ar Chnoc Mordáin — agus bhí thart ar thríocho duine a thóg shifts dul suas ar an gcnoc sin chun aire a thabhairt do na *transmitters* — ní a fhios agam an mbeadh mórán den dream sin sásta gurbh é seo an toradh a bhí siad ag iarraidh.

Bheadh sé go maith dá mbeadh sé dírithe ar an nGaeltacht. Tá an cheist casta mar beidh an lár ionad lonnaithe i gConamara agus beidh stiúideo i dTír Chonaill agus i gCiarraí agus caithfidh go mbeidh ábhar ó na Gaeltachtaí sin ar an stáisiún. Ach ag an am céanna is faoi scáth RTÉ a bheas chuile rud agus níl a fhios agam an

rud maith é sin. Ní dóigh liom go dtaithníonn sé fiú le RTÉ go bhfuil dualgas orthu é a shocrú suas. Níl mé ag iarraidh a bheith ag cairtheamh anuas ar rud nach bhfuil tosnaíthe fós ach i ndáiríre sé an taon rud a bheinn sásta a rá nach hé an rud a bhí i gceist againn ar Chnoc Mordáin i 1987.

Mar a dúirt Joe Steve Ó Neachtain roinnt blianta ó shoin "Dá mbeadh séirbhís maith teilifíse ann anseo agus dá mbeadh deis ag daoine taobh amuigh don Ghaeltacht cúl éisteacht nó cúl fhéachaint air, de réir a chéile b'fhéidir go scaipfeadh an teachtaireacht go bhfuil rud tábhachtach fiúntach ins na Gaeltachtaí". Dúirt sé nach raibh an Ghaeltacht ag iarraidh an Ghaeilge a bhrú ar an nGaltacht nó lucht nach labhraíonn Gaeilge agus sílim gurbh é sin an dearcadh ceart. Ach dá mbeadh sé go maith, dhá mbeadh sé tairneamheach agus cláracha fiúntacha air, de réir a chéile b'fhéidir go mbeadh daoine taobh amuigh ag breathnú air.

Tá tú féin ceapaithe ar Údarás RTÉ. An mbeadh tú in ann inseacht dom faoi sin?

Tá mise beagnach 30 bliain imithe ó RTÉ agus tá sé aisteach dul ar ais ann. Tá sé ar nós tosnú arís ar scoil agus foghlaim céard atá i gceist mar tá rudaí athraithe i gcúrsaí teilifíse ó thaobh teicneolaíochta agus tá béim níos mó anois ar ghnó na teilifíse. Tá mé cineál faiteach faoin mbéim sin mar nuair atá an gnó taobh thiar de chóras atá bainteach leis an ealaíon, tagann an ealaíon i gconáil sa dara áit agus sin é an dearcadh ginearálta atá agam faoi RTÉ. Tá mé ag foghlaim agus tá sé aisteach 30 bliain tar éis dhom siúl amach as RTÉ go bhfuil mise mar

cheann de na bossanaí atá ar RTÉ. Mar a dúirt cara liom i gcárta a sheol sí chugam ina ndúirt sí "comhgháirdeas, the lunatics have taken over the asylum!"

An fáth a roghnaíodh mise ar Údarás RTÉ — agus níl anseo ach tuairim — mar nach duine polaitiúil mé: cinnte tá aithne agus bhí aithne agam ar Michael D Higgins agus bhí meas mór agam ar Michael D. agus an méid atá déanta aige ar son scannánaíochta agus ealaíona agus freisin sa nGaeltacht agus tá mé ag ceapadh gur roghnaigh sé mise mar cheapfainn go raibh sé ag iarraidh rud éigin a rá le RTÉ - "Caithfidh sibh athrú."

Dúradh go ngabhfaidh Michael D. as a mheabhair tar éis píosa ina aire rialtais ach más é seo an sórt aireachais atá i gceist, molaim é. Thóg sé seans mé a cheapadh. Tá súil agam gur thuig sé céard a bhí i gceist agus tá súil agam go dtuigim féin céard a bhí i gceist aige. Caithfidh mé cinneadh a dhéanamh go pearsanta an aontaíonn mé leis na rudaí atá á dhéanamh ag RTÉ agus mura naontaím déarfadh mé é sin agus má aontaím déarfadh mé é sin freisin agus gan fábharr mar tá mé neamhspleách. Níl tada le cáilliúnt agam. Níl job le cailliúnt. Níl meas an phobail le cailliúnt agam. Is cuma liom, déarfadh mé an rud atá ar m'intinn.

Ag filleadh ar ais ag TnaG — an gceapann tú go ndéanfaidh sé athnuachan ar an teanga. Tá an teanga ag dul i léig i gConamara i measc daoine óga. An gceapann tú go mbeidh tionchar dearfach aige go fadtéarmach?

Nuair a iarradh ar an bpobal a gcuid tuairimí a nochtadh do Chomhairle Theilifís na Gaeilge scríobh mé píosa beag agus dúirt mé mura bhfuil beagnach chuile chlár dírithe ar ghasúr óga na Gaeltachta tá deireadh leis an nGaeilge sa nGaeltacht agus deirim sin fós. Is cuma faoi chúrsaí reatha, is cuma faoi nuacht agus tá a fhios agam gur mionlach mé leis an tuairim seo. Cinnte mura bhfuil Teilifís na Gaeilge dírithe ar ghasúr na tíre seo agus an Ghaeltacht is féidir libh slán a rá le Gaeilge.






Foireann de dhaltaí scoile Ros a' Mhíl a léirigh ceol-dráma *An Sleádóir as Baile Láir*, ag Aeraíocht Mhór Chois Fharraige ar an gCnoc i Mheán Fhómhair 1944. Bhí Scéim na Móna faoi lán tseoil ag an am. Ba é Seán Ó Tuathail as Doire Né an Sleádóir, agus ba í Philomena Ní Thuathail (An Dochtúir Philomena, Bean an Dochtúir Ruairí Comerford anois) a bhí i bpáirt Eibhlín a' Rúinn.


An foireann ón taobh clé, chun tosaigh: - **Seán Ó Tuathail, "Cúgaí" Mac Con Iomaire, Pádraic Ó Flaitheartaigh, Darach Mac Donncha, Pádraic Mac Con Iomaire, Máirtín Mac Donncha & Seán Ó Flaitheartaigh.**

Ar gcúl: - **Máire Ní Chualáin, Mairéad Nic Dhonncha, Sorcha Nic Dhonncha, Máire Nic Dhonncha, Caitlín Nic Con Iomaire, Cáit Ní Chualáin & Philomena Ní Thuathail.**



Tigh Khitt i gCasla sna 1970í

Brionglóid Curtha i gCrích



Sean-Scoil Ros a' Mhíl: Ionad Pobail.

Is fada na lá caint ar an Ionad Pobail seo, ach tá sé ar fhód an bhaile againn sa deireadh. Is fiú fanacht le rud maith, deirtear. Nach iomaí cruinniú agus diospóireacht, litir agus toscaireacht, bailiú agus iarratas, atá déanta ón gcéad lá ar cuireadh an phlean ar na bocáin!! Agus caitheadh cúpla plean i dtraipisí freisin sul má socraíodh ar an gceann seo.

Anois, ós anseo dhó, is linn leas a bhaint as, ar son an phobail ar fad, idir óg agus aosta. Tóigfaidh sé meáchan mór den Scoil Náisiúnta a bhí dá h-úsáid beagnach gach oíche i rith na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine do Ranganna Rince agus Amhránaíocht Sean-Nóis, Cruinnithe A.A., Cruinnithe Coiste Pobail agus do gach ócáid eile a bhí agus atá ar siúl sa bpobal seo.

Céilithe

Is iomaí "Caidhp" agus "Staicín Eornan" agus "Corr Seisear Déag" a daimsíodh ar láithreán an ionaid seo, ag céilithe croíúla san tsean scoil.

Is iomaí "Date" a déanadh agus a briseadh. Is iomaí fear óg ar chaill a chroí buille nuair a fuair sé "Rogh na mBan" roimh dheireadh oíche. Agus is iomaí fear agus bean acu sin atá pósta sa gceantar inniu agus gurb iad a gclann a bhéas ag téamh an urláir san Ionad nua seo.

Tháinig meath-rabharta ar chúrsaí céilithe le blianta beaga anuas ach tá an rotha ag casadh arís. Tá dáir Rinní Seiteanna tagthaí arís ar dhaoine, agus tóig m'fhocal air, ní chaithfear an dáir sin nó go mbeidh "An Staicín" dhá dhéanamh arís ar "Rogha na mBan". A mhac go deo nár dheas é!!

Sliochtanna as iris 'Ros a Mhíl Cois Cuain 1975 & 1976' agus leabharán as Oscailt Oifigiúil Áras Pobail Chois Cuain 1992



Lúb an Mhartello

Téacs: Mandaí Uí Mhurchú

Líníochtaí: David Hill

Níos luaithe i mbliana d'fhoilsigh Cósta Chonamara sraith leabhráin a thugann cuntas ar shiúlóidí éagsúla sa gceantar. Sa sliocht seo thíos déantar cur síos ar ghnéithe áithride de stair Ros a' Mhíl a bhfuil iarsmaí de le feiceáil againn i gcónaí.

Thuig An Bhreatain luath go maith sa chogadh 1793-1801 in aghaidh na Fraince, go raibh cósta thiar na hÉireann leochaileach agus aibidh i gcóir ionraidh. Cruthaíodh dóibh go raibh údar imní acu nuair a tháinig General Humbert agus 1,000 saighdiúir Francach ina theannta i dtír i gCill Ala i gCo. Mhaigh Eo. Cloíadh fórsaí na Fraince faoi cheannas General Humbert ach tuigeadh do na Sasanaigh gurbh iad Cuan na Gaillimhe nó Inbhear na Sionainne na spriocanna a bhí ag Forsaí na Fraince chun a theacht i dtír ó thúis.

Ar athosnú na gcogadh Francacha sa bhliain 1803 tosaíodh scéim mhór ag tógáil Túir Martello, dúnta gunnaí móra, agus túir chomharthaíochta thart faoi chósta na Éireann agus ar Abhainn na

Sionainne.

D'fhonn Cuan na Gaillimhe a chiorcaladh agus a chosaint ó ionsaí, tógadh túir chomharthaíochta ar Cheann Léime i gCo. an Chláir, ar Inis Oirr, agus ar Cheann Gólaime i Leitir Mealláin. Tógadh Túir Martello ag Baile Uí Bheacháin, in Each Inis agus i Ros a' Mhíl i gCuan Chasla. Tá imlíne neamhghnáthach ag túr Ros a' Mhíl. Tá sé ag caolú isteach de réir a chéile ar a bhealach suas agus ansin ag leathnú amach ag a bharr, éagsúil leis an gceann in Each Inis agus leis an gceann i mBaile Uí Bheacháin. Bhí dabhach uisce faoina bhun, armlann, stórtha agus, aisteach go leor, áit chónaithe ann d'oifigeach amháin agus do thríocha saighdiúir. Tógadh an túr seo thart ar 1815 agus bhí cónaí ar shaighdiúirí ann go dtí 1836. Tá deá-

chaoi fós air, cé gur baineadh roinnt clocha as na forbhallaí, agus tá an gunna mór agus an t-ardán trasnaíle a ghabhann leis ar an díon go fóill.

Tógadh Stáisiún Gárdaí Cósta i mBaile an tSléibhe idir 1860 agus 1870. Bhí cónaí ar Ghardaí Cósta ann go dtí 1922 nuair a tugadh ar lámha don Rialtas dúchais é. Loisceadh é le linn na 'dtrioblóidí', agus níl ina sheasamh anois ach na fallaí agus an simléar ina lonnainn cáganna agus préacháin deargchosacha.

An tSeanchéibh

Is fada an lá iad na gleoiteogaí agus na huicéirí ag tarraingt móna as Ros an Mhíl go hÁrainn agus go Co. an Chláir agus earraí anoir ó Chathair na Gaillimhe. Tógadh an tseanchéibh sa bhliain 1877 agus an chéibh mhór nua-aimseartha sna 1970'oidí. I dteannta é a bheith ina chalaphort mór iascaigh anois, tá an-tóir ag turasóirí air mar ionad trasnaithe go hÁrainn ar bháid farantóireachta. Is fada an lá an bhrí atá le Ros a' Mhíl imithe i ndearmad. Séard is brí le Ros, ná píosa talún ag gobadh amach sa bhfarraige ach tugtar go leor míniúcháin éagsúla ar "Mhíl". D'fhéadfadh go gciallaíonn sé Maoil (cnoc íseal), Míol Mór nó fiú 'Mhíchíl', i ndiaidh Míchíl Uí Conaire, fear a raibh cónaí air sa cheantar tráth.

Teach Mór Chasla

Bé George Ismay a thóg teach mór Chasla. Tá an teach suite ar an abhainn in aice an chrosbhóthair a théann i dtreo na céibhe... Cuireadh i leith Ismay gur éalaigh sé den Titanic tré ghléasadh mar bhean agus go raibh an oiread náire air faoin eachtra sin gur theastaigh uaidh fanacht as bealach na ndaoine agus dul i bhfolach agus gurbh é sin an chúis gur thóg sé a theach san áit iargúlta sin. Tógadh scoil san áit a bhfuil an t-Ionad Pobail anois, sa bhliain 1885 agus tógadh an scoil nua sa bhliain 1969. Aisteach go leor, ní raibh aon séipéal i Ros a' Mhíl go dtí 1937 agus ba i dteach cónaí a thionólaí seirbhísí eaglasta go dtí gur tógadh an séipéal nua. Ag

breathnú anuas do dhuine ón taiscumar ar bharr an chnoic is díol spéise iad na céadta agus na mílte claíocha a bhí mar theorainneacha idir na tithe agus na páirceanna san am atá caite, agus b'fhiú smaoineamh ar na hathruithe móra atá tagtha ar an gceantar seo ó leag an chéad shaighdiúir Sasanach a chos ar thalamh ann agus an fhorbairt a tháinig ar Ros a' Mhíl ó bheith ina cheantar iargúlta talmhaíochta ag stracadh leis an ngannchuid go dtí Ros anMhíl an lae inniu - calaphort crúógach mara agus iascaigh.



Aibreán 2014 -

Aodán Ó Conaire, Oisín Ó Conaire (Ros Muc), Robert Ó Flatharta (Camus) & Pádraig Ó Máille (Eanach-Mheáin)

Island Ferries Teo.

Ros a Mhíl Pier, Co. Galway
Phone: (091) 572050/572273
(after hours)

Fax: (091) 572448
Email: island@iol.ie

4 Forster Street, Galway

Phone: (091) 568903
Fax: (091) 568538
Email: islandferries@eircom.net

www.aranislandferries.com



Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Buaiteoirí Gradaim Pobail na Gaeltachta

Comharchumann Forbartha Árann Teo.,

Ionad Fiontair Cholm Ó hIarnáin,
Cill Rónáin, Árainn, Cuan na Gaillimhe

Fón: 099 61354/61394 (F) 099 61454
eolas@cfarann.ie www.cfarann.ie

Máire Seoige Ros Muc

Leaba & Bricfeasta
Lóistín

091-574147



MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360/552021
glengowlamines@eircom.net
www.glengowlamines.ie

Seanmhianach Luaidhe
agus Airgid ón 19ú haois

Turas faoi thalamh le treorai/
siúlóidí nádúir

Nioclás Ó Conchubhair Teo.

Rogha agus Seirbhís den Scoth

Leitirmóir, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-551 114
Faics: 091-551 258

Casla, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-506 111
Faics: 091-506 044

Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,
Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & srl.

Tigh Pheadair Mhóir

Banrach bán, Baile na hAbhann

Beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca 2014

Tigh Joe Mac

Cill Rónáin, Inis Mór

Ceol, Craic & Bia

Fón: 099-61248



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

Saotharlann Chonamara Teo
Ros Muc
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574355
Faics: 091-574356

info@cls.ie

www.completelabsolutions.com

Clár Litríochta & Drámaíochta 2013/14

Cuireadh tús le himeachtaí an chlár litríochta Mí Mheán Fómhair seo caite. Seo clár a mbíonn ceardlanna litríochta agus drámaíochta ar siúl i rith am scoile agus taobh amuigh d'am scoile. Cuireann an clár réimse leathan imeachtaí ar fáil.

Ó mhí Mheán Fómhair seo iad na ceardlanna a bhí ar siúl agus na scoileanna a bhí páirteach:

An Ciorcal Scríbhneoireachta:

Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Coláiste Cholmcille, Gairmscoil na bPiarsach agus Coláiste Chroí Mhuire.

Scríbhneoireacht sna Bunscoileanna:

Scoil Náisúnta Leitir Mealláin, Scoil Mhuire Corr na Móna agus Scoil Bhriocáin, Ros Muc.

Club Léitheoireachta do dhéagóirí & Blag Liteartha idir Gaeltachtaí:

Coláiste Cholmcille, Indreabhán agus Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc.
(www.leabharthaléite.edublogs.com)

Drámaíocht sna Bunscoileanna:

Scoil na hAirde Móire agus Scoil na hAirde Thiar.

Léitheoireacht do ghasúir Bunscoile:



Turas Léitheoireachta Bheartla Broc, gasúir ar fud fad an cheantair páirteach.

I measc na n-áisitheoirí a bhí páirteach i rith na bliana bhí Máire Holmes, Jackie Mac Donncha, Máirín Mhic Lochlainn, Gwyneth Uí Ghaora, Neasa Ní Chuanaigh agus aifonna eile ó am go chéile.

Tá ag éirí an-mhaith le himeachtaí an chlár agus an-éileamh orthu i gcónaí.

Tá an clár maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta.





Clár Litríochta & Drámaíochta 2013/14

1. Seoladh an Leabhar 'Silíní' i Siopa Leabhar Kenny's i nGaillimh mar chuid do Chiorcal Scríbhneoireachta 2013

2. Drámadóir Cónaitheach sna Meánscoileanna - Daltaí na hidirbhliana i Scoil Phobail Mhic Dara, Carna le Pádraig Ó Flatharta ag léiriú an dráma 'Tobar an Phúca'.

3. Féile Leabhar Bricíní 2013 i Seanscoil Sailearna, Indreabhán

4. Seoladh an Leabhar 'Dúchán' i Leabharlann na Ceathrún Rua mar chuid do Chiorcal Scríbhneoireachta 2014

(Grianghraif le Anna Ní Fhlatharta & Ruairí O' Néill)

Scríbhneoireacht Chruthaitheach

- Daltaí ón Ciorcal Scríbhneoireachta

Gearrscéal ó Josie Seoige

Ní Dhéanann Airgead Níos Cliste Tú

Bhí beirt fhear ann, fear saibhir agus fear bocht. Is cairde a bhí sa bheirt fhear, go dtí go bhfuair fear amháin níos mó airgid, agus chaill an fear eile gach pingin a bhí aige.

Nuair a chaill an fear bocht a chuid airgid, dúirt an fear saibhir leis go mbeadh sé in ann aon rud a chuirfeadh áthas ar féin a cheannach agus nach mbeadh an fear bocht in ann tada a cheannach.

Cúpla bliain ina dhiaidh sin, bhí gach rud ag an bhfear saibhir, ach ní raibh sé sona, agus bhí sé i gcónaí ag iarraidh aon rud a thabharfadh sonas dó féin.

Ag an am céanna, bhí an fear bocht ag siúl na sráideanna. Ní raibh tada aige agus ní raibh mórán le n-ithe aige. Bhí a shaol an-chrua agus ní raibh aon áit aige a nglaothadh sé a bhaile féin air. Ach bhí seisean sona mar gach oíche, nuair a chuaigh sé a chodladh ar an talamh fuar, bhí brionglóid aige, brionglóid difriúil gach oíche, agus ní raibh an chéad cheann eile níos fearr ná an ceann deireanach, agus is é seo a chuir áthas air.

Bhí fhios ag an bhfear saibhir faoi seo ach ní raibh sé féin in ann brionglóidí maithe a bheith aige

agus chuir sé seo fearg air. D'iarr sé ar an bhfear bocht cén chaoi a gheobhaidh sé brionglóidí deasa agus dúirt an fear bocht cliste, "Má chuireann tú do chuid airgid agus gach rud eile atá i do phócaí i mála le do thaobh agus má dhúnann tú do chuid súile agus comhaireamh go dtí caoga, tiocfaidh brionglóidí maithe agat anocht agus gach oíche eile.

Dúirt an fear saibhir go raibh sé seo seafóideach ach dúirt an fear bocht go mbeadh na brionglóidí is fearr aige féin mar sin an oíche sin. Bhí an fear saibhir idir dhá intinn agus sa deireadh rinne sé an rud a dúirt an fear bocht leis a dhéanamh.

Ach is seo an phlean a bhí ag an bhfear bocht an t-am uilig agus nuair a bhí an fear saibhir ag comhaireamh lena chuid súile dúnta aige, thóg an fear bocht an mála airgid agus rith sé abhaile go dtí a theach nua.

An oíche sin ní raibh aon bhrionglóidí maithe ag an bhfear a bhí saibhir, ach ag an tráth seo ní raibh tada eile aige ach oiread agus ní raibh sé sona ar chor ar bith. Ach an oíche céanna sin dúirt an fear is cliste san áit rud an-tábhachtach: "Ní dhéanann airgead níos cliste tú", agus chuaigh sé a chodladh agus bhí an bhrionglóid is fearr a bhí ariamh aige an oíche sin.

Brón..

Nuair a d'fhág tú cúpla mí ó shin, Bhris tú mo chroí,
Níl sé ceart gan tú a bheith anseo,
Smaoiním ort gach lá.
Tú beagnach imithe ar feadh bliana,
Níl sé ceart a bheith i do theach,
Mar tá mé ag fanacht leat chun teacht isteach,
Airím uaim thú agus beidh grá agam duit i gcónaí.

Rebecca Ní Mhadaoin

An Grá

Nuair a shiúil mé síos an bóthar caol,
Chonaic mé bean óg ag caoineadh,
Dúirt mé léi go raibh sí caoin,
Is thóg mé lámh an chailín chaoín,
Is d'imigh muid le chéile.

Istigh san mbád san Iodáil,
Sa ngandala sa gcanáil,
A dúirt mé léi go raibh mé,
ag iarraidh í a phósadh,
Dúirt sí go mba bhréa léi é,
Is d'imigh muid ag réiteach,
do bhainín álainn.

Marcus Ó Domhnaill

Brionglóid

Bhí brionglóid agam aréir,
Go bhfaca mé One Direction.
Bhí siad ag féachaint orm,
Anuas ón spéir.
Bhí brionglóid agam aréir,
Gur tháinig siad isteach sa seomra,
lad ag canadh "What Makes You Beautiful".
Nuair a dhúisigh mé suas,
Cheap mé go raibh siad ann,
Dúirt mé liom féin gur brionglóid a bhí ann.

Shauna Ní Mhealóid

Poll Uí Mhuirrin

An baile cairdiúil,
an baile aerach,
muintir na háite
go lách is go séimh,
Ní gheobhaidh tú daoine
níos deise in Éirinn.

An loch ó thuaidh,
is an reilig ó dheas,
an chéibh lena taobh sin,
is curraichín dhá sheas.

Dhá rí ag troid,
i ngleann beag tirim,
Poll agus Muireann,
in éadan a chéile.

Féicim anois ar an mbaile beag gaelach
muintir an bhaile ag caint is ag béiceach,
thabhairfinn mo dhá shúil
a bheith ann.

Evan Ó Gríofa

Séimí

Fraganna beaga glasa,
fraganna beaga buí,
frag mór corcra é Séimí,
ach ní chloistear mórán faoi.

Seo dáinín beag do Shéimí,
agus aon frag eile le dath difriúil,
nach mbíonn an-dathúil go deo.

Ach ná bac leo sin tá siad uilig mar an gcéanna
taispeáineann do dhath go bhfuil tú suimiúil
go bhfuil tú go hálainn mar atá tú.

Clíodhna Breathnach

Duine aisteach

Tagann sé chuile Dé Luain,
bíonn an rang ar bís,
cumann sé scéalta is dánta linn,
is imíonn sé leis aríst.

Scríobhann muid scéalta is dánta
faoin aimsir, scoil, is clann.
go leor eile atá suimiúil
is rudaí nach bhfuil ann.

Bhí sé linn roimh an Nollaig,
ag déanamh an rud céanna,
tá súil againn anois
go mbeidh sé linn ar feadh na bliana.

Amanda Tierney

Dhá ghearrscéal ó Dónal Ó Dunáird

Insteallaire

Lá breá a bhí ann, an ghrian ag scalladh, agus ag scoilteadh na gcloch. Bhí Bord Soláthar an Leictreachais ar stailc, agus ní bheadh aon scoil ann inniú. D'fhan mé sa leaba ar mo chompóird. Bhí an bhean sin le teacht inniú le instealladh a thabhairt dúinn ar fad. Ní bheadh sí ag teacht anois mar gheall ar an stailc. Ach fan, tá gineadóir acu ar scoil. Is dóigh go mbeidh sí siúd ann leis na snáthaidí. Ach fanfaidh mé sa leaba ar mo sháimhín só. Níl mise ag iarraidh ar aonduine snáthaid a shacadh ionam.

Lá arna mháireach shiúil mé isteach sa scoil agus mé an-sásta liom féin. Ní bheadh aon bhaol ann anois go mbeadh snáthaid le fáil agam. Nach orm a bhí an t-ádh gan bheith ar scoil inné.

Nuair a shiúil mé isteach sa rang, cé a bhí ansin ach an bhean agus snáthaid ina láimh, agus í réidh le tosú ag tolladh daoine. Níor tháinig sí an lá roimhe sin a deir sí, mar dúradh léi nach raibh aon chúmhacht sa scoil. Chas mé thart agus bhí mé le siúl amach an doras, agus leithscéal agam chun dul abhaile aríst. Bhí mé leath bealaigh chuig an doras nuair a ghlaoigh sí orm. 'Ní thógfaidh sé seo nóiméad,' adeir sí.

An Créatúr Bocht

Lá agus mé ag spaisteoireacht i gCathair na Gaillimhe, gan mórán le déanamh agam, chonaic mé an fear bocht seo sínte ar an gcosán siúil. Cupán ó Supermacs in lámh aige agus cúpla cent thíos ina íochtar. Go tobann bhí an-trua agam dó. Chuimhnigh mé ar a raibh agam féin sa mbaile, agus an fear bocht seo b'fhéidir gan dídean, gan áit aige le codladh san oíche. Bhí an oiread trua agam dó is gur dhúirt mé liom féin go dtabharfainn dó an méid airgid a bhí i mo phóca. Ní raibh tada le ceannacht agam ar aon bhealach, agus má bhí féin, nach bhféadfainn é a cheannacht lá eile. Chuir mé mo lámh i mo phóca agus tharraing mé amach a raibh ann. Bhí thart ar ocht euro déag ann. Ní dhearna mé ach an t-airgead uilig a chaitheamh isteach i gcupán Supermacs. Bhí an cupán leath lán anois. Ghlac sé buíochas liom i dteanga nár thuig mé, nó cheap mé gur ag glacadh buíochais a bhí sé. Dhá mhí ina dhiaidh sin bhí mé ag breathnú ar an nuacht ar an teilifís, agus céard a bhí ann ach an fear céanna agus é caillte ar thaobh an chosáin san spota céanna a raibh sé an lá ar thug mé airgead dó. Dúradh ar an nuacht go mba as an bPolainn é, gur fear an-saibhir a bhí ann ina thír féin. Teach mór millteach aige agus trí charr. Bhí níos mó aige ná mar bhí agamsa. Bíonn mé ag spaisteoireacht thart i nGaillimh i gcónaí, ach pingin ar bith atá i mo phóca fanfaidh sé ansin.

Ceangal: Nis & Conamara

Chuireamar fáilte roimh mhuintir Nis, nó Leodhais, ar ais go Conamara an Deireadh Fómhair seo caite. Téann an nasc seo idir Pléaráca agus muintir Leodhais siar go dtí 1999, nuair a tháinig grúpa go Conamara don chéad uair, mar chuid d'Fhéile Phléaráca Chonamara.

Is é Leodhais an t-oileán is faide ó thuaidh de na 'Outer Hebrides' agus tá Nis suite ar an gcuid is faide ó thuaidh den oileán, áit a labhraítear an Ghaedhlic go flúirseach.

Is iad Donald John ó Chomhairle Nan Eilean Siar, Peadar Ó Maoláin ó Údarás na Gaeltachta agus Colmán Ó Flatharta ó Sheirbhísí Spóirt Chonamara ag an am, a tháinig le chéile chun an ceangal seo a chruthú idir Chonamara agus Leodhais. Mar gheall ar na cosúlachtaí atá idir Nis agus Conamara – ceantair láidre tuaithe, a bhfuil a dteanga agus a gcultúr ag teacht ón mbunús Ceilteach céanna - socraíodh go ndéanadh an dá phobal a gceiliúradh le chéile. Is as sin a tháinig an tionscnaimh Ceangal: Nis - Conamara.

Tháinig toscaireachtaí as Leodhais in 1999, 2003, 2005 agus 2007, agus sna blianta idir eatarthu, rinne grúpaí as Conamara an turas go Nis. Bhí sos gearr ó 2007 go dtí 2011 nuair a thaisteal seachtar duine óg in éineacht le háisitheoirí agus foireann Phléaráca, anonn arís. Bíonn an scéal céanna le cloisteáil uaidh gach duine a thug cuairt ar mhuintir Nis, is Cuma cén bhliain a ndeachaigh siad agus sin, gur cuireadh fáilte is fiche rompu ón nóiméad a thuirling siad i Stornoway. Is seanchairde anois iad muintir Leodhais. Fiú na daoine nua a chastar orainn ó bhliain go bliain, ní bhíonn siad ina strainséirí i bhfad.

I mí Deireadh Fómhair seo caite tháinig muintir Nis ar chuairt chugainn arís. Ba é an chéad turas ag cuid acu go hÉirinn agus go Conamara. Chaith siad cúig lá gnóthach, fuinniúil, spraíúil linn anseo, lán le ceol, damhsa agus amhráin. Ar an gcéad lá, an Aoine, thug siad cuairt ar sheit Ros na Rún agus léiríodh dóibh cuid de na rúin agus cleasa a bhaineann le taifead sobal dhráma. Fuaireadar deis seasamh taobh thiar den bheár Tigh Thaidhg. Ina dhiaidh sin, chuir daltaí as Coláiste Cholmcille fáilte rompu le ceolchoirm



agus bhí am siopadóireachta acu ag Ceardlann An Spidéal. An oíche sin, bhí dinnéar i dTír na nÓg chun fáilte oifigiúil a chur rompu agus bhí Peadar Ó Maoláin ina fhear an tí don ócáid.

Don Satharn, bhí ceardlanna damhsa ar an sean-nós, amhránaíocht, drumadóireacht agus ranganna Gaeilge le Patricia Ní Fhatharta, Briocán Bairéad, Colm de Bháldraithe agus Peigí Ní Chonghaile in ionad álainn Comharchumann Mhic Dara ar an gCeathrú Rua - An Cromptán. Théis lá fada, bhí oíche siamsaíochta i halla An Acadaimh le neart ceoil ón Melodeon Band as Leodhais, agus damhsa, mhuintir Nis agus Chonamara - iad ag múineadh a gcuid steipeanna dá chéile.



Dé Domhnaigh, thug an grúpa cuairt air Ionad Oidhreacht Leitir Mealláin agus labhair John Bhaba Jeaic Ó Confhaola leo faoina rudaí éagsúla atá ar thaispeántas san Ionad agus na cosúlachtaí idir an seansaol i gConamara agus i Leodhais. Ó Leitir Mealláin ansin, siar go Cill Chiaráin, áit ar chas siad le Clann Uí Dhúbháin le haghaidh lón agus tuilleadh ceoil agus damhsa. Buíochas ag dul go Annie Devaney, Gearóid agus Pádraig Ó Dubháin a bhain splanacacha as an urlár Tigh Chadhain. Oíche Dé Domhnaigh, thug an grúpa a n-aghaidh soir Cois Fharraige chun John Beag Ó Flatharta a chloisteáil ag ceoil.



Dé Luain, bhí scíthe agus deis roinnt ama a chaitheamh ag cur eolas ar an Cheathrú Rua, sular ndeachaigh siad chuig Raidió na Gaeltachta chun labhairt le Máirtín Tom Sheáinín ar chlár Ard Tráthnóna agus chas siad cúpla port dhó - déanadh cúpla steip damhsa sa stiúideo chomh

maith. Bhí an seisiún deiridh an oíche sin sa Chistin. D'fhágamar slán lenár gcairde maidin Dé Máirt ag Trá an Dóilín le gealladh nach mbeidh sé rófhada sular dtabharfaidh muintir Chonamara cuairt ar ais go Leodhais.

Táimid buíoch do Mary Duff (nó Máire-Áine mar is fearr aithne uirthi anois théis an turas) a rinne go leor eagraithe agus gach duine a tháinig. Freisin, tá buíochas ag dul do na daoine ar fad a thug cúnamh ar an taobh seo agus a chuir fáilte roimh an ghrúpa.



Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 eolas@cic.ie www.cic.ie

ar fáil ó Chló Iar-Chonnacht...

ROCKY ROS MUC: SEÁN Ó MAINNÍN

Rónán Mac Con Iomaire

Scéal duine de laochra móra spóirt Chonamara, Seán Ó Mainnín. Pléitear a óige ag fás aníos i Ros Muc, mar a chuir sé spéis sa dornálaíocht ar dtús, mar a chuaigh sé ar imirce go Boston Mheiriceá, a throid in aghaidh Mike McCallum do Chraobh Meánmheáchain Éadroim an Domhain, agus a shaol ina dhiaidh sin.



Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie

Pléaráca Teo.

Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe

Ceardlainn oíche agus deireadh seachtaine d'fhir agus mná -
Peintéireacht, Caoladóireacht, Scríbhneoireacht
Chruthaitheach & Seódóireacht
le tacaíocht ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann

Féile Phléaráca Chonamara - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1991

CyberCaifé - An Caifé Cabach

Seirbhís Leabharlainne le tacaíocht ó Leabharlann an Chontae

Ionad Seirbhísí Teanga le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta

Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal

Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta

Campa Samhraidh le tacaíocht ó an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta

Eolas: 091-574021 / 574882
 plearacateo@gmail.com
 www.plearaca.ie



Guíonn

Oireachtas na Gaeilge

gach rath ar

Fhéile Phléacraca Chonamara

Bí linn i gCill Airne d'Oireachtas na Samhna i mbliana,

28 Deireadh Fómhair - 2 Samhain 2014

Beidh na múrtha fáilte romhat!

GACH EOLAS

OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire

Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67

Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie Idirlíon: www.antoireachtas.ie

Faigheann Oireachtas na Gaeilge deontas ó

Foras na Gaeilge